

# Iris Oifigiúil

## an Aontais Eorpaigh

# L 47



An t-eagrán Gaeilge

## Reachtaíocht

Imleabhar 66

15 Feabhra 2023

Clár

### II Gníomhartha neamhrechtacha

#### RIALACHÁIN

- ★ Rialachán (AE) 2023/331 ón gComhairle an 14 Feabhra 2023 lena leasaítear rialacháin áirithe ón gComhairle maidir le bearta sriantacha chun forálacha maidir le díolúine dhaonnúil a chur isteach ..... 1
- ★ Rialachán Tarmlichte (AE) 2023/332 ón gCoimisiún an 11 Iúil 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cinneadh na gcásanna ina measfar go bhfuil sonraí céannachta comhionann nó cosúil le chéile ar mhaithe le hilchéannachtaí a bhrath ..... 6
- ★ Rialachán Tarmlichte (AE) 2023/333 ón gCoimisiún an 11 Iúil 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cinneadh na gcásanna ina meastar go bhfuil sonraí céannachta comhionann nó cosúil le chéile ar mhaithe le hilchéannachtaí a bhrath ..... 17
- ★ Rialachán (AE) 2023/334 ón gCoimisiún an 2 Feabhra 2023 lena leasaítear Iarscríbhinní II agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh clóitiainídine agus tiaimeatocsam i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe <sup>(1)</sup> ..... 29
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/335 ón gCoimisiún an 1 Feabhra 2023 lena bhformheastar leasú nach mion ar shonraíocht ainm a iontráladh sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint, is é sin “Robiola di Roccaverano” (STFC) ..... 46
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/336 ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2023 lena bhformheastar leasuithe ar an tsonraíocht ar shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint nó ar thásca geografach faoi chosaint (“Montefalco” (STFC)) ..... 48

<sup>(1)</sup> Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

# GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na gníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/337 ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2023 lena mbronnfar cosaint faoi Airteagal 99 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar an ainm “Terras do Navia” (TGFC)..... 49

#### CINNÍ

- ★ Cinneadh (CBES) 2023/338 ón gComhairle an 14 Feabhra 2023 lena leasaítear cinntí agus comhsheasaimh áirithe ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha chun forálacha maidir le díolúine dhaonnúil a chur isteach ..... 50
- ★ Cinneadh (CBES) 2023/339 ón gComhairle an 14 Feabhra 2023 lena leasaítear Cinneadh 2011/101/CBES ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiombáib ..... 55

## II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

## RIALACHÁIN

## RIALACHÁN (AE) 2023/331 ÓN gCOMHAIRLE

an 14 Feabhra 2023

lena leasaítear rialacháin áirithe ón gComhairle maidir le bearta sriantacha chun forálacha maidir le díolúine dhaonnúil a chur isteach

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá an tAontas Eorpach in ann bearta sriantacha a fhorchur, lena n-áirítear reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha in aghaidh daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí ainmnithe. Le rialacháin ón gComhairle, tugtar éifeacht do na bearta den sórt sin.
- (2) An 9 Nollaig 2022, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (“CSNA”) Rún 2664 (2022). Tugtar isteach le mír 1 den Rún sin díolúine ó na smachtbhannaí i bhfoirm reo acmhainní arna fhorchur ag an gComhairle Slándála nó ag a Coistí Smachtbhannaí le haghaidh cabhair dhaonnúil agus gníomhaíochtaí eile lena dtacaítear le riachtanais bhunúsacha an duine, díolúine is infheidhme maidir le gníomhaithe áirithe. Chun críocha an Rialacháin seo, tugtar “an díolúine dhaonnúil” ar mhír 1 de Rún 2664 (2022).
- (3) An 14 Feabhra 2023, ghlac an Comhairle Cinneadh (CBES) 2023/338 <sup>(1)</sup> chun éifeacht a thabhairt do Rún 2664 (2022) i ndlí an Aontais.
- (4) Cuirtear i bhfios go láidir i Rún 2664 (2022), i gcás ina bhfuil an díolúine dhaonnúil ag teacht salach ar rúin roimhe sin, go bhfuil an díolúine dhaonnúil chun na rúin a bhí ann roimhe sin a fhorshuíomh a mhéid a bhaineann leis an gcoinbhleacht sin. Mar sin féin, soiléirítear le Rún 2664 (2022) go bhfuil mír 1 de Rún 2615 (2021) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe fós i bhfeidhm.
- (5) Iarrtar le Rún 2664 (2022) go ndéanfaidh soláthraithe atá ag brath ar an díolúine dhaonnúil iarrachtaí réasúnacha chun fabhrú aon sochair a thoirmiscear le smachtbhannaí a íoslaghdú, bíodh sé sin mar thoradh ar sholáthar díreach nó indíreach nó atreorú, chuig daoine aonair nó eintitis a liostaítear faoin Rialachán ábhartha, lena n-áirítear trí straitéisí agus próisis bainistithe riosca agus díchill chuí a neartú.
- (6) Tagann na leasuithe sin faoi raon feidhme an Chonartha agus, dá bhrí sin, tá gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais chun iad a chur chun feidhme, go háirithe d’fhonn a áirithiú go gcuirfead i bhfeidhm iad go haonfhoirmeach i ngach Ballstát.

<sup>(1)</sup> Féach leathanach 50 den Iris Oifigiúil seo.

- (7) Ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 1210/2003 <sup>(?)</sup>, (AE) Uimh. 305/2006 <sup>(?)</sup>, (AE) Uimh. 356/2010 <sup>(\*)</sup>, (AE) Uimh. 224/2014 <sup>(?)</sup>, (AE) Uimh. 1352/2014 <sup>(6)</sup>, agus (AE) 2022/2309 ón gComhairle <sup>(?)</sup> a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 ón gComhairle mar a leanas:

- (1) In Airteagal 4, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“4. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1, 2 agus 3 maidir le cistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil, ar cistí nó acmhainní iad a bhfuil gá leo chun a áirithiú go seachadfar go tráthúil cabhair dhaonnúil nó go dtacófar le gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine i gcás inarb iad na heintitis seo a leanas a thugann an chabhair agus a dhéanann na gníomhaíochtaí eile sin:

- (a) na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear a gcláir, a gcistí agus a n-eintitis agus a gcomhlachtaí Eile, chomh maith lena ngníomhaireachtaí speisialaithe agus a n-eagraíochtaí gaolmhara;
- (b) eagraíochtaí idirnáisiúnta;
- (c) eagraíochtaí daonnúla a bhfuil stádas breathnóra acu le Comhthionól Ginearálta na Náisiúin Aontaithe agus comhaltá na n-eagraíochtaí daonnúla sin;
- (d) eagraíochtaí neamhrialtasacha atá á gcistiú go déthaobhach nó go hilitaobhach agus atá rannpháirteach i bPleananna Freagartha Daonnúla na Náisiúin Aontaithe, i bPleananna Freagartha um Dhídeanaithe, in achomhairc nó i mbraislí daonnúla eile de chuid na Náisiúin Aontaithe arna gcomhordú ag Oifig na Náisiúin Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla;
- (e) fostaithe, deontaithe, fochuideachtaí, nó comhpháirtithe cur chun feidhme na n-eintiteas a luaitear i bpointí (a) go (d) agus iad ag gníomhú sna cáileanna sin agus a mhéid atá siad ag gníomhú sna cáileanna sin; nó
- (f) gníomhaithe iomchuí eile arna gcinneadh ag an gCoiste Smachtbhannaí.”

- (2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

#### “Airteagal 7

1. Beidh toirmeasc ar pháirt a ghlacadh, go feasach agus d’aon ghnó, i ngníomhaíochtaí, arb é is cuspóir nó is éifeacht dóibh dul timpeall, go díreach nó go hindíreach, ar Airteagal 4(1) go (3) nó na hidirbhearta dá dtagraítear in Airteagal 2 agus 3 a chur chun cinn.

2. Aon fhaisnéis lena léirítear go bhfuiltear ag dul timpeall ar fhorálacha an Rialachán seo, nó go ndeachthas timpeall orthu, cuirfear í in iúl d’údaráis inniúla na mBallstát, mar a liostaítear in Iarscríbhinn V, agus, go díreach nó trí na húdaráis inniúla sin, don Choimisiún.”

#### Airteagal 2

In Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 305/2006 ón gComhairle, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

- <sup>(?)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 ón gComhairle an 7 Iúil 2003 maidir le srianta sonracha áirithe ar an gcaidreamh eacnamaíoch agus airgeadais leis an Iaráic agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2465/96 (IO L 169, 8.7.2003, lch. 6).
- <sup>(?)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 305/2006 ón gComhairle an 21 Feabhra 2006 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha i gcoinne daoine áirithe a bhfuil amhras ann go bhfuil baint acu le feallmharú iar-Phríomh-Aire na Liobáine Rafiq Hariri (IO L 51, 22.2.2006, lch. 1).
- <sup>(\*)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 356/2010 ón gComhairle an 26 Aibreán 2010 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe a dhírítear i gcoinne daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide sa tSomáil (IOJ L 105, 27.4.2010, lch. 1).
- <sup>(?)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 224/2014 ón gComhairle an 10 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht na hAfraice Láir (IO L 70, 11.3.2014, lch. 1).
- <sup>(6)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1352/2014 ón gComhairle an 18 Nollaig 2014 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide in Éimin (IO L 365, 19.12.2014, lch. 60).
- <sup>(?)</sup> Rialachán (AE) 2022/2309 ón gComhairle an 25 Samhain 2022 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háití. (IO L 307, 28.11.2022, lch. 17).

“4. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le cistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil, ar cistí nó acmhainní iad a bhfuil gá leo chun a áirithiú go seachadfar go tráthúil cabhair dhaonnúil nó go dtacófar le gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine i gcás inarb iad na heintitis seo a leanas a thugann an chabhair agus a dhéanann na gníomhaíochtaí eile sin:

- (a) na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear a gcláir, a gcistí agus a n-eintitis agus a gcomhlachtaí Eile, chomh maith lena ngníomhaireachtaí speisialaithe agus a n-eagraíochtaí gaolmhara;
- (b) eagraíochtaí idirnáisiúnta;
- (c) eagraíochtaí daonnúla a bhfuil stádas breathnóra acu le Comhthionól Ginearálta na Náisiúin Aontaithe agus comhaltaí na n-eagraíochtaí daonnúla sin;
- (d) eagraíochtaí neamhrialtasacha atá á gcistiú go déthaobhach nó go hiltáobhach agus atá rannpháirteach i bPleananna Freagartha Daonnúla na Náisiúin Aontaithe, i bPleananna Freagartha um Dhídeanaithe, in achomhairc nó i mbraislí daonnúla eile de chuid na Náisiúin Aontaithe arna gcomhordú ag Oifig na Náisiúin Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla;
- (e) fostaithe, deontaithe, fochuideachtaí, nó comhpháirtithe cur chun feidhme na n-eintiteas a luaitear i bpointí (a) go (d) agus iad ag gníomhú sna cáileanna sin agus a mhéid atá siad ag gníomhú sna cáileanna sin; nó
- (f) gníomhaithe iomchuí eile arna gcinneadh ag an gCoiste Smachtbhannaí.”

### Airteagal 3

I Rialachán (AE) Uimh. 356/2010 ón gComhairle, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

#### “Airteagal 4

1. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 2(1) agus (2) maidir le cistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil, ar cistí nó acmhainní iad a bhfuil gá leo chun a áirithiú go seachadfar go tráthúil cabhair dhaonnúil nó go dtacófar le gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine i gcás inarb iad na heintitis seo a leanas a thugann an chabhair agus a dhéanann na gníomhaíochtaí eile sin:

- (a) na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear a gcláir, a gcistí agus a n-eintitis agus a gcomhlachtaí Eile, chomh maith lena ngníomhaireachtaí speisialaithe agus a n-eagraíochtaí gaolmhara;
- (b) eagraíochtaí idirnáisiúnta;
- (c) eagraíochtaí daonnúla a bhfuil stádas breathnóra acu le Comhthionól Ginearálta na Náisiúin Aontaithe agus comhaltaí na n-eagraíochtaí daonnúla sin;
- (d) eagraíochtaí neamhrialtasacha atá á gcistiú go déthaobhach nó go hiltáobhach agus atá rannpháirteach i bPleananna Freagartha Daonnúla na Náisiúin Aontaithe, i bPleananna Freagartha um Dhídeanaithe, in achomhairc nó i mbraislí daonnúla eile de chuid na Náisiúin Aontaithe arna gcomhordú ag Oifig na Náisiúin Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla;
- (e) fostaithe, deontaithe, fochuideachtaí, nó comhpháirtithe cur chun feidhme na n-eintiteas a luaitear i bpointí (a) go (d) agus iad ag gníomhú sna cáileanna sin agus a mhéid atá siad ag gníomhú sna cáileanna sin; nó
- (f) gníomhaithe iomchuí eile arna gcinneadh ag an gCoiste Smachtbhannaí.

2. Ní bheidh dliteanas d’aon chineál ar thaobh na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí a chuir cistí nó acmhainní eacnamaíocha ar fáil mar thoradh ar an díolúine a leagtar amach i mír 1, i gcás nach raibh a fhios acu, nó nach raibh aon chúis réasúnach amhrais acu, nach gcumhdófaí a ngníomhaíochtaí leis an díolúine sin.”

### Airteagal 4

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 224/2014 ón gComhairle mar a leanas:

(1) In Airteagal 5, cuirtear an mír seo a leanas leis:

“4. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le cistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil, ar cistí nó acmhainní iad a bhfuil gá leo chun a áirithiú go seachadfar go tráthúil cabhair dhaonnúil nó go dtacófar le gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine i gcás inarb iad na heintitis seo a leanas a thugann an chabhair agus a dhéanann na gníomhaíochtaí eile sin:

- (a) na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear a gcláir, a gcistí agus a n-eintitis agus a gcomhlachtaí Eile, chomh maith lena ngníomhaireachtaí speisialaithe agus a n-eagraíochtaí gaolmhara;
  - (b) eagraíochtaí idirnáisiúnta;
  - (c) eagraíochtaí daonnúla a bhfuil stádas breathnóra acu le Comhthionól Ginearálta na Náisiúin Aontaithe agus comhaltaí na n-eagraíochtaí daonnúla sin;
  - (d) eagraíochtaí neamhrialtasacha atá á gcistiú go déthaobhach nó go hiltáobhach agus atá rannpháirteach i bPleananna Freagartha Daonnúla na Náisiúin Aontaithe, i bPleananna Freagartha um Dhídeanaithe, in achomhairc nó i mbraislí daonnúla eile de chuid na Náisiúin Aontaithe arna gcomhordú ag Oifig na Náisiúin Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla;
  - (e) fostaithe, deontaithe, fochuideachtaí, nó comhpháirtithe cur chun feidhme na n-eintiteas a luaitear i bpointí (a) go (d) agus iad ag gníomhú sna cáileanna sin agus a mhéid atá siad ag gníomhú sna cáileanna sin; nó
  - (f) gníomhaithe iomchuí eile arna gcinneadh ag an gCoiste Smachtbhannaí.”
- (2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 12:

*“Airteagal 12*

Beidh toirmeasc ar pháirt a ghlacadh, go feasach agus d'aon ghnó, i ngníomhaíochtaí arb é is cuspóir nó is éifeacht dóibh dul timpeall ar na bearta dá dtagraítear in Airteagal 2, 5(1) agus 5(2).”.

*Airteagal 5*

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1352/2014 ón gComhairle mar a leanas:

- (1) In Airteagal 2, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“3. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le cistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil, ar cistí nó acmhainní iad a bhfuil gá leo chun a áirithiú go seachadfar go tráthúil cabhair dhaonnúil nó go dtacófar le gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine i gcás inarb iad na heintitis seo a leanas a thugann an chabhair agus a dhéanann na gníomhaíochtaí eile sin:

- (a) na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear a gcláir, a gcistí agus a n-eintitis agus a gcomhlachtaí Eile, chomh maith lena ngníomhaireachtaí speisialaithe agus a n-eagraíochtaí gaolmhara;
  - (b) eagraíochtaí idirnáisiúnta;
  - (c) eagraíochtaí daonnúla a bhfuil stádas breathnóra acu le Comhthionól Ginearálta na Náisiúin Aontaithe agus comhaltaí na n-eagraíochtaí daonnúla sin;
  - (d) eagraíochtaí neamhrialtasacha atá á gcistiú go déthaobhach nó go hiltáobhach agus atá rannpháirteach i bPleananna Freagartha Daonnúla na Náisiúin Aontaithe, i bPleananna Freagartha um Dhídeanaithe, in achomhairc nó i mbraislí daonnúla eile de chuid na Náisiúin Aontaithe arna gcomhordú ag Oifig na Náisiúin Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla;
  - (e) fostaithe, deontaithe, fochuideachtaí, nó comhpháirtithe cur chun feidhme na n-eintiteas a luaitear i bpointí (a) go (d) agus iad ag gníomhú sna cáileanna sin agus a mhéid atá siad ag gníomhú sna cáileanna sin; nó
  - (f) gníomhaithe iomchuí eile arna gcinneadh ag an gCoiste Smachtbhannaí.”
- (2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3a:

*“Airteagal 3a*

1. De mhaolú ar Airteagal 1a agus 2, féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát, faoi choinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, agus ar choinníoll gur chinn an Coiste Smachtbhannaí ar bhonn cás ar chás go bhfuil gá le maolú chun obair na Náisiúin Aontaithe agus eagraíochtaí daonnúla eile in Éimin a éascú nó chun aon chríche eile i gcomhréir le cuspóirí UNSCR 2140 (2014) agus UNSCR 2216 (2015), an méid seo a leanas a údarú:

- (a) cúnamh teicniúil, maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na gníomhaíochtaí a thuairiscítear in Airteagal 1a a sholáthar;
- (b) cistí nó acmhainní eacnamaíocha reoite áirithe a scaoileadh, nó cistí nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil.

2. Tá mír 1(b) gan dochar d'Airteagal 2(3)."

- (3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

*"Airteagal 10*

Beidh toirmeasc ar pháirt a ghlacadh, go feasach agus d'aon ghnó, i ngníomhaíochtaí arb é is cuspóir nó is éifeacht dóibh dul timpeall ar na bearta dá dtagraítear in Airteagal 2(1) agus 2(2)."

#### *Airteagal 6*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 2022/2309 ón gComhairle:

*"Airteagal 5*

Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(1) agus (2) maidir le cistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil, ar cistí nó acmhainní iad a bhfuil gá leo chun a áirithiú go seachadfar go tráthúil cabhair dhaonnúil nó go dtacófar le gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine i gcás inarb iad na heintitis seo a leanas a thugann an chabhair agus a dhéanann na gníomhaíochtaí eile sin:

- (a) na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear a gcláir, a gcistí agus a n-eintitis agus a gcomhlachtaí Eile, chomh maith lena ngníomhaireachtaí speisialaithe agus a n-eagraíochtaí gaolmhara;
- (b) eagraíochtaí idirnáisiúnta;
- (c) eagraíochtaí daonnúla a bhfuil stádas breathnóra acu le Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus comhaltaí na n-eagraíochtaí daonnúla sin;
- (d) eagraíochtaí neamhrialtasacha atá á gcistiú go déthaobhach nó go hiltáobhach agus atá rannpháirteach i bPleananna Freagartha Daonnúla na Náisiún Aontaithe, i bPleananna Freagartha um Dhídeanaithe, in achomhairc nó i mbraislí daonnúla eile de chuid na Náisiún Aontaithe arna gcomhordú ag Oifig na Náisiún Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla;
- (e) fostaithe, deontaithe, fochuideachtaí, nó comhpháirtithe cur chun feidhme na n-eintiteas a luaitear i bpointí (a) go (d) agus iad ag gníomhú sna cáileanna sin agus a mhéid atá siad ag gníomhú sna cáileanna sin; nó
- (f) gníomhaithe iomchuí eile arna gcinneadh ag an gCoiste Smachtbhannaí."

#### *Airteagal 7*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Feabhra 2023.

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*  
E. SVANTESSON

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/332 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 11 Iúil 2022**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cinneadh na gcásanna ina measfar go bhfuil sonraí céannachta comhionann nó cosúil le chéile ar mhaithe le hilchéannachtaí a bhrath**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise an Aontais Eorpaigh i réimse an chomhair phóilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh, an tearmainn agus na himirce agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/1726, (AE) 2018/1862 agus (AE) 2019/816 <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 28(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2019/818, i gcomhar le Rialachán (AE) 2019/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(2)</sup>, bunaítear creat chun idir-inoibritheacht a áirithiú idir na córais faisnéise AE i réimse na dtéorainneacha, na víosaí, an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh, an tearmainn agus na himirce.
- (2) Tá roinnt comhchodanna sa chreat sin lena n-áirítear brathadóir ilchéannachtaí. Is rud é an brathadóir ilchéannachtaí a chruthaíonn agus a stóráilann naisc idir na sonraí atá i gcórais faisnéise AE éagsúla chun iliomad céannachtaí a bhrath, agus an dá chuspóir aige seiceálacha céannachta a éascú le haghaidh taistealaithe *bona fide*, agus calaois chéannachta a chomhrac. Chun gur féidir leis an mbrathadóir ilchéannachtaí a chuspóirí a chomhlíonadh, tá sé riachtanach go bhfuil sé in ann naisc a dhéanamh idir na sonraí.
- (3) Cruthaítear naisc uathoibríthe bhána agus bhuí mar thoradh ar an bpróiseas braite ilchéannachtaí. Léiríonn nasc bán gur comhionann nó gur comhchosúil iad na sonraí céannachta sna comhaid nasctha, agus léiríonn nasc buí nach féidir a mheas gur comhchosúil iad na sonraí céannachta sna comhaid nasctha agus gur cheart fíorú de lámh a dhéanamh ar na céannachtaí éagsúla.
- (4) I bhfianaise an ualaigh atá ar na daoine a bhfuil a gcuid sonraí cláraithe sna córais faisnéise AE, agus ar na húdaráis náisiúnta mar aon leis na gníomhaireachtaí AE, tá sé riachtanach teorainn a chur le líon na gcásanna ina ngineann an brathadóir ilchéannachtaí naisc bhuí agus a bhfuil fíorú de lámh ag teastáil ina leith dá bhrí sin.

<sup>(1)</sup> IO L 135, 22.5.2019, lch. 85.

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) 2019/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse na dtéorainneacha agus na víosaí agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (AE) 2016/399, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1726 agus (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CGB ón gComhairle, (IO L 135, 22.5.2019, lch. 27).



- (5) De bhun Rialachán (AE) 2019/818, ullmhú, forbairt agus bainistiú oibríochtúil na gcomhchodanna idir-inoibritheachta, lena n-áirítear an brathadóir ilchéannachtaí, is rudaí iad sin ba cheart a bheith faoi chúram Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA), arna bhunú le Rialachán (AE) 1077/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(3)</sup>.
- (6) Sula bhforbrófar an brathadóir ilchéannachtaí, is gá na nósanna imeachta a leagan síos chun na cásanna a chinneadh ina measfar gur comhionann nó gur comhchosúil iad na sonraí céannachta a bhaineann le duine áirithe ar sonraí iad a stóráiltear ar fud roinnt córais éagsúla.
- (7) Ós rud é go gcuireann Rialachán (AE) 2019/818 le *acquis* Schengen, i gcomhréir le hAirteagal 4 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le Seasamh na Danmhairge, prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, thug an Danmhairg fógra faoi chur chun feidhme Rialachán (AE) 2019/818 ina dlí náisiúnta. Dá bhrí sin, tá an Rialachán seo ina cheangal uirthi.
- (8) Is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu <sup>(4)</sup>. Dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (9) A mhéid a bhaineann leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt <sup>(5)</sup>, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle <sup>(6)</sup>.
- (10) A mhéid a bhaineann leis an Eilvéis, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt <sup>(7)</sup>, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle <sup>(8)</sup>.
- (11) A mhéid a bhaineann le Lichtinstéin, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme <sup>(9)</sup>, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle <sup>(10)</sup>.

<sup>(3)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 lena mbunaítear Ghníomhaireacht Eorpach chun bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais mhórsála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais (IO L 286, 1.11.2011, lch. 1).

<sup>(4)</sup> Ní thagann an Rialachán seo faoi raon feidhme na mbeart dá bhforáiltear i gCinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

<sup>(5)</sup> IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

<sup>(6)</sup> Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socrúithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31).

<sup>(7)</sup> IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

<sup>(8)</sup> Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008, lch. 1).

<sup>(9)</sup> IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

<sup>(10)</sup> Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a mhéid a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19).

- (12) A mhéid a bhaineann leis an gCipir, an Bhulgáir, an Rómáin agus an Chróit, is é atá sa Rialachán seo gníomh atá ag cur le acquis Schengen nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, de réir bhrí Airteagal 3(1) d'Ionstraim Aontachais 2003, Airteagal 4(1) d'Ionstraim Aontachais 2005 agus Airteagal 4(1) d'Ionstraim Aontachais 2011.
- (13) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(11)</sup> agus thug sé tuairim uaidh an 27 Aibreán 2021,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

### *Airteagal 1*

#### **Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'sonraí céannachta' na sonraí seo a leanas:

- (a) sloinne (ainm teaghlaigh); céadainm nó céadainmneacha (ainmneacha baiste); dáta breithe; náisiúntacht nó náisiúntachtaí; agus inscne; dá dtagraítear in Airteagail 16(1)(a), 17(1) agus 18(1) de Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(12)</sup>;
- (b) sloinne (ainm teaghlaigh), céadainm nó céadainmneacha (ainm baiste nó ainmneacha baiste), sloinne breithe; ailias nó ailiasanna; dáta breithe, áit bhreithe, inscne agus náisiúntacht i láthair na huair; dá dtagraítear in Airteagal 17(2) de Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(13)</sup>;
- (c) sloinnte, ainmneacha, ainmneacha tráth breithe, ainmneacha agus ailiasanna a úsáideadh roimhe sin, áit bhreithe, dáta breithe, inscne agus aon náisiúntachtaí, dá dtagraítear in Airteagal 20(2) de Rialachán (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(14)</sup>;
- (d) sloinnte, céadainmneacha, ainmneacha tráth breithe, ainmneacha agus ailiasanna a úsáideadh roimhe sin, áit bhreithe, dáta breithe, inscne agus aon náisiúntachtaí, dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2018/1860 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(15)</sup>;
- (e) sloinnte, céadainmneacha, ainmneacha tráth breithe, ainmneacha agus ailiasanna a úsáideadh roimhe sin, áit bhreithe, dáta breithe, inscne agus aon náisiúntachtaí, dá dtagraítear in Airteagal 20(3) de Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(16)</sup>;

<sup>(11)</sup> Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

<sup>(12)</sup> Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2017 lena mbunaítear Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tír a chláru agus iad ag trasnú teorainneacha seachtracha na mBallstát agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí, agus lena leasaítear an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 (IO L 327, 9.12.2017, lch. 20).

<sup>(13)</sup> Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011, (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/1624 agus (AE) 2017/2226 (IO L 236, 19.9.2018, lch. 1).

<sup>(14)</sup> Rialachán (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse na seiceálacha teorann, lena leasaítear an Coinbhinsiún lena gcuirtear Comhaontú Schengen chun feidhme, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 (IO L 312, 7.12.2018, lch. 14).

<sup>(15)</sup> Rialachán (AE) 2018/1860 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le húsáid Chóras Faisnéise Schengen chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh (IO L 312, 7.12.2018, lch. 1).

<sup>(16)</sup> Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún (IO L 312, 7.12.2018, lch. 56).

- (f) sloinne (ainm teaghlaigh), ainmneacha (ainmneacha baiste), dáta breithe, áit bhreithe (baile agus tír), náisiúntacht nó náisiúntachtaí agus inscne, ainmneacha a bhí ar an duine roimhe seo, más infheidhme, dá dtagraítear in Airteagal 5(1)(a)(i) de Rialachán (AE) 2019/816 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(17)</sup>;
- (g) go dtí go gcuirfear tús le hoibríochtaí an Chórais Faisnéise Víosaí de bhun Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2021/1134 <sup>(18)</sup>: sloinne (ainm teaghlaigh), céad ainm nó céadainmneacha (ainmneacha baiste), dáta breithe, inscne, áit bhreithe agus tír bhreithe, agus náisiúntachtaí dá dtagraítear in Airteagal 9(4), pointí (a) agus (aa), de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(19)</sup>;
- (h) ó thús oibríochtaí an Chórais Faisnéise Víosaí de bhun Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2021/1134: sloinne (ainm an teaghlaigh), céadainm nó céadainmneacha (ainm nó ainmneacha baiste), dáta breithe, áit bhreithe agus tír bhreithe, inscne, agus náisiúntacht nó náisiúntachtaí dá dtagraítear in Airteagal 9(4), pointí (a) agus (aa), agus in Airteagal 22a(1), pointe (d), de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008.
- (2) ciallaíonn 'ionann' comhfhreagairt 100 % idir na sonraí ó dhá chóras faisnéise AE éagsúla, lena n-áirítear, i gcás inar gá, feidhmiúlacht chomhchuibhithe um thiontú a úsáid chun formáid na sonraí uile a chomhchuibhiú sula ndéantar comparáid orthu;
- (3) ciallaíonn 'trasliriú' cineál tiontaithe ar théacs ina n-aistrítear an cló go cló eile trí na litreacha a bhabhtáil ar bhealaí a sainíodh roimhe sin.

#### Airteagal 2

#### Sonraí céannachta comhionanna

Leagtar amach in Iarscríbhinn I na nósanna imeachta lena gcinntear na cásanna ina measfar go bhfuil sonraí céannachta comhionann.

#### Airteagal 3

#### Sonraí céannachta comhchosúla

Leagtar amach in Iarscríbhinn II na nósanna imeachta lena gcinntear na gcásanna ina measfar go bhfuil sonraí céannachta cosúil le chéile.

#### Airteagal 4

#### Logaí

1. Is sa stóras coiteann sonraí céannachta a stórálfar na logaí uile den chomparáid ar shonraí, agus beidh ar a laghad an méid seo a leanas sna logaí sin:
- (a) dáta agus am na comparáide;
- (b) toradh na comparáide, lena n-áirítear cé na sonraí céannachta a measadh gur sonraí comhionanna nó gur sonraí comhchosúla iad;
- (c) dath an naisc tar éis na comparáide uathoibrithe;
- (d) dath an naisc tar éis na próiseála de lámh i ndiaidh nasc buí a bheith cruthaithe;
- (e) na leasuithe ar na naisc, lena n-áirítear na cásanna inar measadh gur sonraí comhchosúla a bhí i gceist.

<sup>(17)</sup> Rialachán (AE) 2019/816 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena mbunaítear córas láraithe leis na Ballstáit a shainaithint ag a bhfuil faisnéis faoi chiontuithé náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát (ECRIS-TCN) chun an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla a fhorlíonadh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 (IO L 135, 22.5.2019, lch. 1).

<sup>(18)</sup> Rialachán (AE) 2021/1134 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, (CE) Uimh. 810/2009, (AE) 2016/399, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1860, (AE) 2018/1861, (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CGB ón gComhairle, chun críche an Chórais Faisnéise Víosaí a athchóiriú (IO L 248, 13.7.2021, lch. 11).

<sup>(19)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) agus maidir le sonraí ar víosaí gearrfhanachta a mhalarú idir na Ballstáit (IO L 218, 13.8.2008, lch. 60).

2. Is sa stóras coiteann sonraí céannachta a stórálfar na logaí. Stórálfar iad ar feadh tréimhse nach faide ná bliain amháin ó rinneadh an chomparáid ar na sonraí. Tar éis na tréimhse sin, déanfar iad a léirsciosadh go huathoibríoch.
3. Bainfidh an stóras coiteann sonraí céannachta úsáid as na logaí chun tuarascálacha uathoibrithe ar ghníomhaíochtaí a sholáthar agus chun tacú le cruinneas na gcomparáide ar shonraí idir na córas faisnéise AE agus chun faireachán a dhéanamh air.

*Airteagal 5*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 11 Iúil 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

## IARSCRÍBHINN I

1. **Sonraí ó chórais faisnéise éagsúla**

	Catagóir sonraí	SIS	EES	ETIAS	ECRIS-TCN	VIS
1	<b>Ainmneacha (lena n-áirítear sloinne agus céadainm)</b>	Sloinnnte Sloinnnte a úsáideadh roimhe seo Sloinnnte na n-aíliasanna Túsainmneacha Túsainmneacha a úsáideadh roimhe seo Túsainmneacha na n-aíliasanna Ainmneacha breithe	Sloinne (ainm teaghlaigh) Céadainm Ainmneacha Ainmneacha baiste	Sloinne (ainm teaghlaigh) Sloinne breithe Ainmneacha eile (aíliasanna, ainmneacha ealaíontóra, ainmneacha eile a bhíonn in úsáid) Céadainm (neacha) Ainm(neacha) baiste	Sloinne (ainm teaghlaigh) Ainmneacha bréige Aíliasanna Ainmneacha a úsáideadh roimhe seo Céadainmneacha (Ainmneacha baiste) Ainmneacha bréige Aíliasanna Ainmneacha a úsáideadh roimhe seo	Sloinne (ainm teaghlaigh) Sloinne breithe (ainm nó ainmneacha teaghlaigh a úsáideadh roimhe seo) Céadainm nó céadainmneacha (ainm baiste nó ainmneacha baiste)
2	<b>Dáta breithe</b>	Dáta breithe Dáta breithe na n-aíliasanna	Dáta breithe	Dáta breithe	Dáta breithe	Dáta breithe
3	<b>Inscne</b>	Inscne Inscne na n-aíliasanna	Gnéas	Gnéas	Inscne	Gnéas
4	<b>Náisiúntacht agus áit bhreithe</b>	Náisiúntacht, agus más ann dóibh, aon náisiúntachtaí eile Náisiúntachtaí na n-aíliasanna Áit bhreithe (tír bhreithe) Aíliasanna na n-áiteanna breithe (na dtíortha breithe)	Náisiúntacht Náisiúntachtaí	Náisiúntacht i láthair na huaire Áit Bhreithe	Náisiúntacht Náisiúntachtaí Áit bhreithe (baile agus tír)	Náisiúntacht i láthair na huaire Náisiúntachtaí Náisiúntacht bhreithe Áit bhreithe agus tír bhreithe

Maidir le Córas Faisnéise Schengen, i gcás gach catagóire sonraí dá bhforáiltear sa tábla, féadfaidh na sonraí céannachta a bheith ag baint le ceann amháin de na catagóirí seo a leanas:

- “céannacht dheimhniú”, i gcás inar deimhníodh céannacht an duine ar bhonn doiciméid chéannachta bharántúla, mar thoradh ar mheaitseáil bhithmhéadrach, nó trí bhíthin ráiteas ó na húdaráis inniúla;
- “céannacht neamhdheimhniú”, i gcás nach leor an fhianaise atá ann chun céannacht an duine a chruthú;
- “aílias”, i gcás ina n-úsáideann an duine céannacht bhréige nó céannacht a thugann sé air féin;
- “céannacht mhí-úsáidte”, maidir le duine atá faoi réir foláireamh i gCóras Faisnéise Schengen, i gcás ina n-úsáideann an duine sin céannacht duine eile ar fiordhuine é, go háirithe nuair a úsáidtear doiciméad chun aimhleasa fhíorúinéir an doiciméid sin.

Chun críocha an tábla seo, tagraíonn na sonraí céannachta a bhaineann le hailiasanna do chatagóirí (b), (c) agus (d) agus tagraíonn na sonraí céannachta nach mbaineann le hailiasanna do chatagóir (a).

2. **Sonraí céannachta comhionanna**

Leagtar síos san Iarscríbhinn seo na cásanna ina measfar go bhfuil sonraí céannachta comhionann. Chun gur féidir a mheas gur comhionann iad na sonraí céannachta atá i gceist, ní mór na coinníollacha uile i Roinn 3 a chomhlíonadh.

3. **Na cásanna ina measfar go bhfuil na sonraí céannachta comhionann de réir catagóir sonraí**

Chun gur féidir a mheas gur comhionann iad na sonraí céannachta atá i gceist, i gcás ina gcruthófar nasc idir sonraí ó dhá chóras faisnéise AE, ní mór na coinníollacha carnacha a leagtar síos i Ranna 3.1, 3.2, 3.3 agus 3.4 a chomhlíonadh.

## 3.1. Ainmneacha

Catagóir sonraí	SIS	EES	ETIAS	ECRIS-TCN	VIS
<b>Ainmneacha (lena n-áirítear sloinne agus céadainm)</b>	Sloinnite Sloinnite a úsáideadh roimhe seo Sloinnite na n-aillasanna Túsainmneacha Túsainmneacha a úsáideadh roimhe seo Ainmneacha breithe Túsainmneacha na n-aillasanna	Sloinne (ainm teaghlaigh) Céadainm Ainmneacha Ainmneacha baiste	Sloinne (ainm teaghlaigh) Sloinne breithe Ainmneacha eile (aillasanna, ainmneacha ealaíontóra, ainmneacha eile a bhíonn in úsáid) Céadainm (neacha) Ainm(neacha) baiste	Sloinne (ainm teaghlaigh) Ainmneacha bréige Aillasanna Ainmneacha a úsáideadh roimhe seo Céadainmneacha (Ainmneacha baiste) Ainmneacha bréige Aillasanna Ainmneacha a úsáideadh roimhe seo	Sloinne (ainm teaghlaigh) Sloinne breithe (ainm nó ainmneacha teaghlaigh a úsáideadh roimhe seo) Céadainm nó céadainmneacha (ainm baiste nó ainmneacha baiste)

Chun gur féidir a mheas gur comhionann iad na sonraí céannachta atá i gceist, i gcás ina gcruthófar nasc idir sonraí ó dhá chóras faisnéise AE, ní mór na coinníollacha carnacha seo a leanas a comhlíonadh:

- (a) na sonraí a iontráladh i gceann amháin ar a laghad de na réimsí sonraí seo a leanas, is ionann na sonraí sin sa dá chóras:
- (i) sloinne;
  - (ii) ainm teaghlaigh;
  - (iii) sloinnite a úsáideadh roimhe seo;
  - (iv) sloinne breithe;
  - (v) ainmneacha eile (aillasanna, ainmneacha ealaíontóra, ainmneacha eile a bhíonn in úsáid);
  - (vi) ainmneacha bréige;
  - (vii) sloinnite na n-aillasanna;
  - (viii) ainmneacha a úsáideadh roimhe seo;
  - (ix) ainmneacha teaghlaigh a úsáideadh roimhe seo.
- (b) na sonraí a iontráladh i gceann amháin ar a laghad de na réimsí sonraí seo a leanas, is ionann na sonraí sin sa dá chóras:
- (i) céadainm;
  - (ii) túsainm;
  - (iii) ainm;
  - (iv) ainmneacha baiste;
  - (v) túsainmneacha a úsáideadh roimhe seo;
  - (vi) ainmneacha eile (aillasanna, ainmneacha ealaíontóra, ainmneacha eile a bhíonn in úsáid);
  - (vii) ainmneacha bréige;
  - (viii) túsainmneacha aillias;
  - (ix) ainmneacha a úsáideadh roimhe seo.

## 3.2. Dáta breithe

Catagóir sonraí	SIS	EES	ETIAS	ECRIS-TCN	VIS
<b>Dáta breithe</b>	Dáta breithe Dáta breithe na n-aillasanna	Dáta breithe	Dáta breithe	Dáta breithe	Dáta breithe

Chun gur féidir a mheas gur comhionann iad na sonraí céannachta atá i gceist, i gcás ina gcruthófar nasc idir sonraí ó dhá chóras faisnéise AE, ní mór gurb ionann na luachanna atá faoin gcatagóir sonraí “dáta breithe” sa dá chóras.

### 3.3. Inscne

Catagóir sonraí	SIS	EES	ETIAS	ECRIS-TCN	VIS
<b>Inscne</b>	Inscne Inscne na n-aíliasanna	Gnéas	Gnéas	Inscne	Gnéas

Chun gur féidir a mheas gur comhionann iad na sonraí céannachta atá i gceist, i gcás ina gcruthófar nasc idir sonraí ó dhá chóras faisnéise AE, ní mór gurb ionann na luachanna atá faoin gcatagóir sonraí “inscne” sa dá chóras.

### 3.4. Náisiúntachtaí agus áit bhreithe

Catagóir sonraí	SIS	EES	ETIAS	ECRIS-TCN	VIS
<b>Náisiúntachtaí agus áit bhreithe</b>	Náisiúntacht, agus más ann dóibh, aon náisiúntachtaí eile Náisiúntachtaí na n-aíliasanna Áit bhreithe (tír bhreithe) Aíliasanna na n-áiteanna breithe (na dtíortha breithe)	Náisiúntacht Náisiúntachtaí	Náisiúntacht i láthair na huaire Áit Bhreithe	Náisiúntacht Náisiúntachtaí Áit bhreithe (baile agus tír)	Náisiúntacht i láthair na huaire Náisiúntachtaí Náisiúntacht bhreithe Áit bhreithe agus tír bhreithe

Chun gur féidir a mheas gur comhionann iad na sonraí céannachta atá i gceist, i gcás ina gcruthófar nasc idir sonraí ó dhá chóras faisnéise AE, ní mór gurb ionann ar a laghad ceann amháin de na luachanna atá faoin gcatagóir sonraí “náisiúntachtaí agus áit bhreithe” sa dá chóras, lena n-áirítear ar a laghad ceann amháin de na náisiúntachtaí.

## IARSCRÍBHINN II

1. **Sonraí ó chórais faisnéise éagsúla**

	Catagóir sonraí	SIS	EES	ETIAS	ECRIS-TCN	VIS
1	<b>Ainmneacha (lena n-áirítear sloinne agus céadainm)</b>	Sloinnthe Sloinnthe a úsáideadh roimhe seo Sloinnthe na n-ailiasanna Túsainmneacha Túsainmneacha a úsáideadh roimhe seo Ainmneacha breithe Túsainmneacha na n-ailiasanna	Sloinne (ainm teaghlaigh) Céadainm Ainmneacha Ainmneacha baiste	Sloinne (ainm teaghlaigh) Sloinne breithe Ainmneacha eile (ailiasanna, ainmneacha ealaíontóra, ainmneacha eile a bhíonn in úsáid) Céadainm (neacha) Ainm(neacha) baiste	Sloinne (ainm teaghlaigh) Ainmneacha bréige Ailiasanna Ainmneacha a úsáideadh roimhe seo Céadainmneacha (Ainmneacha baiste) Ainmneacha bréige Ailiasanna Ainmneacha a úsáideadh roimhe seo	Sloinne (ainm teaghlaigh) Sloinne breithe (ainm nó ainmneacha teaghlaigh a úsáideadh roimhe seo) Céadainm nó céadainmneacha (ainm baiste nó ainmneacha baiste)
2	<b>Dáta breithe</b>	Dáta breithe Dáta breithe na n-ailiasanna	Dáta breithe	Dáta breithe	Dáta breithe	Dáta breithe
3	<b>Inscne</b>	Inscne Inscne na n-ailiasanna	Gnéas	Gnéas	Inscne	Gnéas
4	<b>Náisiúntacht agus áit bhreithe</b>	Náisiúntacht, agus más ann dóibh, aon náisiúntachtaí eile Náisiúntachtaí na n-ailiasanna Áit bhreithe (tír bhreithe) Ailiasanna na n-áiteanna breithe (na dtíortha breithe)	Náisiúntacht Náisiúntachtaí	Náisiúntacht i láthair na huaire Áit Bhreithe	Náisiúntacht Náisiúntachtaí Áit bhreithe (baile agus tír)	Náisiúntacht i láthair na huaire Náisiúntachtaí Náisiúntacht bhreithe Áit bhreithe agus tír bhreithe

Maidir le Córas Faisnéise Schengen, i gcás gach catagóire sonraí dá bhforáiltear sa tábla, féadfaidh na sonraí céannachta a bheith ag baint le ceann amháin de na catagóirí seo a leanas:

- “céannacht dheimhnithe”, i gcás inar deimhníodh céannacht an duine ar bhonn doiciméid chéannachta bharántúla, mar thoradh ar mheaitseáil bhithmhéadrach, nó trí bhíthin ráiteas ó na húdaráis inniúla;
- “céannacht neamhdheimhnithe”, i gcás nach leor an fhianaise atá ann chun céannacht an duine a chruthú;
- “ailias”, i gcás ina n-úsáideann an duine céannacht bhréige nó céannacht a thugann sé air féin;
- “céannacht mhí-úsáidte”, maidir le duine atá faoi réir foláireamh i gCóras Faisnéise Schengen, i gcás ina n-úsáideann an duine sin céannacht duine eile ar fiordhuine é, go háirithe nuair a úsáidtear doiciméad chun aimhleasa fhíorúinéir an doiciméid sin.

Chun críocha an tábla seo, tagraíonn na sonraí céannachta a bhaineann le hailiasanna do chatagóirí (b), (c) agus (d) agus tagraíonn na sonraí céannachta nach mbaineann le hailiasanna do chatagóir (a).

2. **Sonraí céannachta comhchosúla**

I Roinn 3, tá liosta uileghabhálach rialacha maidir leis na cásanna ina measfar go bhfuil sonraí céannachta comhchosúil lena chéile.

eu-LISA, a gheobhaidh cúnaimh agus comhairle ón nGrúpa Comhairleach um Idir-inoibritheacht, cuirfidh sé na rialacha sin i bhfeidhm trí bhíthin algartaim i gcomhairle leis an gCoimisiún, agus le cúnaimh agus comhairle ón bhFoghrúpa Idir-inoibritheachta den Ghrúpa Saineolaithe maidir le Córais Faisnéise le haghaidh Teorainneacha agus Slándála (“an Grúpa Saineolaithe”).

Déanfaidh eu-LISA faireachán ar thionchar chur i bhfeidhm an algartaim, agus tuairisceoidh sé, ar bhonn rialta, don Ghrúpa Saineolaithe.



I gcás inar gá, chun teorainn a chur le líon na gcásanna inar ghá do na húdaráis fhreagracha naisc bhuí arna nginiúint ag an mbrathadóir ilchéannachtaí a iompú ina naisc bhána, iarrfaidh an Coimisiún, le cúnaimh agus comhairle ón nGrúpa Saineolaithe, ar eu-LISA an t-argartam a choigeartú trí thosaíocht a thabhairt do na naisc bhuí a chruthaítear idir sonraí céannachta a mheastar a bheith níos cosúla, i gcomhréir leis na rialacha i Roinn 3.

Déanfaidh an brathadóir ilchéannachtaí na sonraí céannachta a sheiceáil i gcónaí le hais na rialacha ar fad a leagtar síos i roinn 3.

### 3. Na cásanna ina measfar go bhfuil sonraí céannachta cosúil le chéile

#### 3.1. Ainmneacha

Catagóir sonraí	SIS	EES	ETIAS	ECRIS-TCN	VIS
<b>Ainmneacha (lena n-áirítear sloinne agus céadainm)</b>	Sloinne Sloinne a úsáideadh roimhe seo Sloinne na n-aillasanna Túsainmneacha Túsainmneacha a úsáideadh roimhe seo Ainmneacha breithe Túsainmneacha na n-aillasanna	Sloinne (ainm teaghlaigh) Céadainm Ainmneacha Ainmneacha baiste	Sloinne (ainm teaghlaigh) Sloinne breithe Ainmneacha eile (ailiasanna, ainmneacha ealaíontóra, ainmneacha eile a bhíonn in úsáid) Céadainm (neacha) Ainm(neacha) baiste	Sloinne (ainm teaghlaigh) Ainmneacha bréige Ailiasanna Ainmneacha a úsáideadh roimhe seo Céadainmneacha (Ainmneacha baiste) Ainmneacha bréige Ailiasanna Ainmneacha a úsáideadh roimhe seo	Sloinne (ainm teaghlaigh) Sloinne breithe (ainm nó ainmneacha teaghlaigh a úsáideadh roimhe seo) Céadainm nó céadainmneacha (ainm baiste nó ainmneacha baiste)

Sonraí céannachta sa chatagóir sonraí “ainmneacha”, measfar gur sonraí comhchosúla iad i gcás inarb ann don mhéid seo a leanas:

- traslitríú aitheanta ar na hainmneacha;
- aisiompú ar na catagóirí sonraí seo a leanas:
  - sloinne; ainm teaghlaigh; sloinne a úsáideadh roimhe seo; sloinne breithe, ainm breithe; sloinne na n-aillasanna, ainmneacha teaghlaigh na n-aillasanna a úsáideadh roimhe seo;
  - céadainm; túsainm; ainm; ainmneacha baiste; túsainmneacha a úsáideadh roimhe seo; túsainmneacha ailias;
- cásanna ina bhfuil an céadainm, an túsainm agus an sloinne athghrúpáilte i gceann amháin de na réimsí sonraí;
- cásanna ina bhfuil ord dhá fhocal aisiompaithe, lena n-áirítear focail atá le hais a chéile agus focail nach bhfuil le hais a chéile;
- cásanna ina bhfuil ord dhá litir aisiompaithe, lena n-áirítear litreacha atá le hais a chéile agus litreacha nach bhfuil le hais a chéile;
- cásanna ina bhfuil athrú ar charachtar amháin ag teastáil, lena n-áirítear ionsá, léirscrios nó ionadú, chun a fhágáil gurb ionann catagóir sonraí i gcóras faisnéise AE amháin agus catagóir sonraí i gcóras faisnéise AE eile;
- cásanna ina bhfuil difríocht ann de bharr fleiscíní, camóg nó uaschamóg;
- cásanna in bhfuil an t-ainm teasctha.

#### 3.2. Dáta breithe

Catagóir sonraí	SIS	EES	ETIAS	ECRIS-TCN	VIS
<b>Dáta breithe</b>	Dáta breithe Dáta breithe na n-aillasanna	Dáta breithe	Dáta breithe	Dáta breithe	Dáta breithe

Sonraí céannachta sa chatagóir sonraí “dáta breithe”, measfar gur sonraí comhchosúla iad i gcás inarb ann don mhéid seo a leanas:

- cásanna ina bhfaighfear meaitseáil idir na réimsí míosa agus lae má dhéantar iad a aisiompú;

- (b) cásanna inarb é tiontú aitheanta ar fhéilirí difriúla is cúis leis an difear ó thaobh an dáta breithe de;
- (c) cásanna ina bhfuil athrú ar charachtar amháin ag teastáil, lena n-áirítear ionsá, léirscrios nó ionadú, chun a fhágáil gurb ionann catagóir sonraí i gcóras faisnéise AE amháin agus catagóir sonraí i gcóras faisnéise AE eile.

### 3.3. Inscne

Catagóir sonraí	SIS	EES	ETIAS	ECRIS-TCN	VIS
<b>Inscne</b>	Inscne Inscne na n-aíliasanna	Gnéas	Gnéas	Inscne	Gnéas

### 3.4. Náisiúntachtaí agus áit bhreithe

Catagóir sonraí	SIS	EES	ETIAS	ECRIS-TCN	VIS
<b>Náisiúntachtaí agus áit bhreithe</b>	Náisiúntacht, agus más ann dóibh, aon náisiúntachtaí eile Náisiúntachtaí na n-aíliasanna Áit bhreithe (tír bhreithe) Aíliasanna na n-áiteanna breithe (na dtíortha breithe)	Náisiúntacht Náisiúntachtaí	Náisiúntacht i láthair na huaire Áit Bhreithe	Náisiúntacht Náisiúntachtaí Áit bhreithe (baile agus tír)	Náisiúntacht i láthair na huaire Náisiúntachtaí Náisiúntacht bhreithe Áit bhreithe agus tír bhreithe

Na sonraí céannachta sa chatagóir sonraí “náisiúntachtaí agus áit bhreithe”, measfar gur sonraí comhchosúla iad i gcás inarb ann don mhéid seo a leanas:

- (a) traslitríú aitheanta ar na náisiúntachtaí nó ar an áit bhreithe;
- (b) cásanna ina bhfuil athrú ar charachtar amháin ag teastáil, lena n-áirítear ionsá, léirscrios nó ionadú, chun a fhágáil gurb ionann catagóir sonraí i gcóras faisnéise AE amháin agus catagóir sonraí i gcóras faisnéise AE eile;
- (c) cásanna aitheanta inar athraíodh ainm na náisiúntachtaí, na dtíortha nó na gcathracha.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/333 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 11 Iúil 2022**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cinneadh na gcásanna ina meastar go bhfuil sonraí céannachta comhionann nó cosúil le chéile ar mhaithe le hilchéannachtaí a bhrath**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse na dteorainneacha agus na víosaí agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, (AE) 2016/399, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1726 agus (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CGB ón gComhairle <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 28(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2019/817, i gcomhar le Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(2)</sup>, bunaítear creat chun idir-inoibritheacht a áirithiú idir córais faisnéise an Aontais Eorpaigh i réimse na dteorainneacha, na víosaí, an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh, an tearmainn agus na himirce.
- (2) Tá roinnt comhchodanna sa chreat sin lena n-áirítear brathadóir ilchéannachtaí. Is rud é an brathadóir ilchéannachtaí a chruthaíonn agus a stóráilann naisc idir na sonraí atá i gcórais faisnéise AE éagsúla chun iliomad céannachtaí a bhrath, agus an dá chuspóir aige seiceálacha céannachta a éascú le haghaidh taistealaithe *bona fide*, agus calaois chéannachta a chomhrac. Chun gur féidir leis an mbrathadóir ilchéannachtaí a chuspóirí a chomhlíonadh, tá sé riachtanach go bhfuil sé in ann naisc a dhéanamh idir na sonraí.
- (3) Cruthaítear naisc uathoibríthe bhána agus bhuí mar thoradh ar an bpróiseas braite ilchéannachtaí. Léiríonn nasc bán gur comhionann nó gur comhchosúil iad na sonraí céannachta sna comhaid nasctha, agus léiríonn nasc buí nach féidir a mheas gur comhchosúil iad na sonraí céannachta sna comhaid nasctha agus gur cheart fíorú de láimh a dhéanamh ar na céannachtaí éagsúla.
- (4) I bhfianaise an ualaigh atá ar na daoine a bhfuil a gcuid sonraí cláraithe sna córais faisnéise AE, agus ar na húdaráis náisiúnta mar aon leis na gníomhaireachtaí AE, is gá teorainn a chur le líon na gcásanna ina ngineann an brathadóir ilchéannachtaí naisc bhuí agus a bhfuil fíorú de láimh ag teastáil ina leith dá bhrí sin.
- (5) De bhun Rialachán (AE) 2019/817, ullmhú, forbairt agus bainistiú oibríochtúil na gcomhchodanna idir-inoibritheachta, lena n-áirítear an brathadóir ilchéannachtaí, is rudaí iad sin ba cheart a bheith faoi chúram Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA), arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(3)</sup>.
- (6) Sula bhforbrófar an brathadóir ilchéannachtaí, is gá na nósanna imeachta a leagan síos chun na cásanna a chinneadh ina meastar gur comhionann nó gur comhchosúil iad na sonraí céannachta a bhaineann le duine áirithe ar sonraí iad a stóráiltear ar fud roinnt córais éagsúla.

<sup>(1)</sup> IO L 135, 22.5.2019, lch. 27.

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse an chomhair phóilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh, an tearmainn agus na himirce agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726, (AE) 2018/1862 agus (AE) 2019/816 (IO L 135, 22.5.2019, lch. 85).

<sup>(3)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 lena mbunaítear Ghníomhaireacht Eorpach chun bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais mhórsála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais (IO L 286, 1.11.2011, lch. 1).

- (7) Ós rud é go gcuireann Rialachán (AE) 2019/817 le *acquis* Schengen, i gcomhréir le hAirteagal 4 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le Seasamh na Danmhairge, prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, thug an Danmhairg fógra faoi chur chun feidhme Rialachán (AE) 2019/817 ina dlí náisiúnta. Dá bhrí sin, tá an Rialachán seo ina cheangal uirthi.
- (8) Is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu <sup>(4)</sup>. Dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (9) A mhéid a bhaineann leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt <sup>(5)</sup>, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle <sup>(6)</sup>.
- (10) A mhéid a bhaineann leis an Eilvéis, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt <sup>(7)</sup>, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle <sup>(8)</sup>.
- (11) A mhéid a bhaineann le Lichtinstéin, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt <sup>(9)</sup>, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle <sup>(10)</sup>.
- (12) A mhéid a bhaineann leis an gCipir, an Bhulgáir, an Rómáin agus an Chróit, is é atá sa Rialachán seo gníomh atá ag cur le *acquis* Schengen nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, de réir bhrí Airteagal 3(1) d'Ionstraim Aontachais 2003, Airteagal 4(1) d'Ionstraim Aontachais 2005 agus Airteagal 4(1) d'Ionstraim Aontachais 2011.
- (13) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(11)</sup> agus thug sé tuairim uaidh an 27 Aibreán 2021,

<sup>(4)</sup> Ní thagann an Rialachán seo faoi raon feidhme na mbeart dá bhforáiltear i gCinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

<sup>(5)</sup> IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

<sup>(6)</sup> Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31).

<sup>(7)</sup> IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

<sup>(8)</sup> Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008, lch. 1).

<sup>(9)</sup> IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

<sup>(10)</sup> Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a mhéid a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19).

<sup>(11)</sup> Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

TAR ÉIS AN RIALACHÁIN SEO A GHLACADH:

### Airteagal 1

### Sainmhínte

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

(1) ciallaíonn “sonraí céannachta” na sonraí seo a leanas:

- (a) sloinne (ainm teaghlaigh); céadainm nó céadainmneacha (ainmneacha baiste); dáta breithe; náisiúntacht nó náisiúntachtaí; agus inscne; dá dtagraítear in Airteagail 16(1)(a), 17(1) agus 18(1) de Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(12)</sup>;
- (b) sloinne (ainm teaghlaigh), céadainm nó céadainmneacha, (ainm baiste nó ainmneacha baiste), sloinne breithe; ailias nó ailiasanna; dáta breithe, áit bhreithe, inscne agus náisiúntacht reatha; dá dtagraítear in Airteagal 17(2) de Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(13)</sup>;
- (c) sloinnte, céadainmneacha, ainmneacha tráth breithe, ainmneacha agus ailiasanna a úsáideadh roimhe sin, áit bhreithe, dáta breithe, inscne agus aon náisiúntachtaí, dá dtagraítear in Airteagal 20(2) de Rialachán (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(14)</sup>;
- (d) sloinnte, céadainmneacha, ainmneacha tráth breithe, ainmneacha agus ailiasanna a úsáideadh roimhe sin, áit bhreithe, dáta breithe, inscne agus aon náisiúntachtaí, dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2018/1860 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(15)</sup>;
- (e) sloinnte, céadainmneacha, ainmneacha tráth breithe, ainmneacha agus ailiasanna a úsáideadh roimhe sin, áit bhreithe, dáta breithe, inscne agus aon náisiúntachtaí, dá dtagraítear in Airteagal 20(3) de Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(16)</sup>;
- (f) sloinne (ainm teaghlaigh), ainmneacha (ainmneacha baiste), dáta breithe, áit bhreithe (baile agus tír), náisiúntacht nó náisiúntachtaí agus inscne, ainmneacha a bhí ar an duine roimhe seo, más infheidhme, dá dtagraítear in Airteagal 5(1)(a)(i) de Rialachán (AE) 2019/816 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(17)</sup>;

<sup>(12)</sup> Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2017 lena mbunaítear Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tír a chláru agus iad ag trasnú teorainneacha seachtracha na mBallstát agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí, agus lena leasaítear an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 (IO L 327, 9.12.2017, lch. 20).

<sup>(13)</sup> Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1077/2011, (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/1624 agus (AE) 2017/2226 (IO L 236, 19.9.2018, lch. 1).

<sup>(14)</sup> Rialachán (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse na seiceálacha teorann, lena leasaítear an Coinbhinsiún lena gcuirtear Comhaontú Schengen chun feidhme, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 (IO L 312, 7.12.2018, lch. 14).

<sup>(15)</sup> Rialachán (AE) 2018/1860 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le húsáid Chóras Faisnéise Schengen chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh (IO L 312, 7.12.2018, lch. 1).

<sup>(16)</sup> Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilínéachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún (IO L 312, 7.12.2018, lch. 56).

<sup>(17)</sup> Rialachán (AE) 2019/816 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena mbunaítear córas láraithe leis na Ballstát a shainaithint ag a bhfuil faisnéis faoi chiontuíthe náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát (ECRIS-TCN) chun an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla a fhorlíonadh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 (IO L 135, 22.5.2019, lch. 1).

- (g) go dtí go gcuirfear tús le hoibríochtaí an Chórais Faisnéise Víosaí de bhun Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2021/1134 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(18)</sup>: sloinne (ainm teaghlaigh), ainmneacha (ainmneacha baiste), dáta breithe, gnéas, áit agus tír bhreithe, agus náisiúntachtaí amhail dá dtagraítear in Airteagal 9(4), pointí (a) agus (aa) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(19)</sup>;
- (h) ó thús oibríochtaí an Chórais Faisnéise Víosaí de bhun Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2021/1134: sloinne (ainm an teaghlaigh); céadainm nó céadainmneacha (ainm nó ainmneacha baiste); dáta breithe; áit agus tír bhreithe; gnéas, agus náisiúntacht nó náisiúntachtaí amhail dá dtagraítear in Airteagal 9(4), pointí (a) agus (aa), agus in Airteagal 22a(1), pointe (d) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008.
- (2) ciallaíonn “ionann” comhfhreagairt 100 % idir na sonraí ó dhá chóras faisnéise AE éagsúla, lena n-áirítear, i gcás inar gá, feidhmiúlacht chomhchuibhithe um thiontú a úsáid chun formáid na sonraí uile a chomhchuibhiú sula ndéantar comparáid orthu;
- (3) ciallaíonn “traslitríú” cineál tiontaithe ar théacs ina n-aistrítear an cló go cló eile trí na litreacha a bhabhtáil ar bhealaí a sainíodh roimhe sin.

#### Airteagal 2

### Sonraí céannachta comhionanna

Leagtar amach in Iarscríbhinn I na nósanna imeachta lena gcinntear na cásanna ina measfar go bhfuil sonraí céannachta comhionann.

#### Airteagal 3

### Sonraí céannachta comhchosúla

Leagtar amach in Iarscríbhinn II na cásanna ina measfar go bhfuil sonraí céannachta cosúil le chéile.

#### Airteagal 4

### Logaí

1. Is sa stóras coiteann sonraí céannachta a stórálfar na logaí uile den chomparáid ar shonraí, agus beidh ar a laghad an méid seo a leanas sna logaí sin:
- (a) dáta agus am na comparáide;
  - (b) toradh na comparáide, lena n-áirítear cé na sonraí céannachta a measadh gur sonraí comhionanna nó gur sonraí comhchosúla iad;
  - (c) dath an naisc tar éis na comparáide uathoibrithe;
  - (d) dath an naisc tar éis na próiseála de láimh i ndiaidh nasc buí a bheith cruthaithe;
  - (e) na leasuithe ar na naisc, lena n-áirítear na cásanna inar measadh gur sonraí comhchosúla a bhí i gceist.
2. Is sa stóras coiteann sonraí céannachta a stórálfar na logaí. Stórálfar iad ar feadh tréimhse nach faide ná bliain amháin ó rinneadh an chomparáid ar na sonraí. Tar éis na tréimhse sin, déanfar iad a léirscriosadh go huathoibríoch.

<sup>(18)</sup> Rialachán (AE) 2021/1134 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, (CE) Uimh. 810/2009, (AE) 2016/399, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1860, (AE) 2018/1861, (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CGB ón gComhairle, chun críche an Córais Faisnéise Víosaí a athchóiriú (IO L 248, 13.7.2021, lch. 11).

<sup>(19)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) agus maidir le sonraí ar víosaí gearrfhanachta a mhalarú idir na Ballstáit (IO L 218, 13.8.2008, lch. 60).

3. Bainfidh an stóras coiteann sonraí céannachta úsáid as na logaí chun tuarascálacha uathoibríthe ar ghníomhaíochtaí a sholáthar agus chun tacú le cruinneas na gcomparáide ar shonraí idir na córas faisnéise AE agus chun faireachán a dhéanamh air.

*Airteagal 5*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 11 Iúil 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

Ursula VON DER LEYEN

---

## IARSCRÍBHINN I

## 1. SONRAÍ Ó CHÓRAIS FAISNÉISE ÉAGSÚLA

	Catagóir sonraí	CFS	Córas dul isteach/ imeachta (EES)	An Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)	Córas ECRIS-TCN	An Córas Faisnéise Víosaí (VIS)
1	<b>Ainmneacha (lena n-áirítear sloinne agus céadainm)</b>	Sloinne Sloinne a úsáideadh roimhe seo Sloinne na nailiasanna Túsainmneacha Túsainmneacha a úsáideadh roimhe seo Túsainmneacha na n-aillasanna Ainmneacha breithe	Sloinne (ainm teaghlaigh) Céadainm Ainmneacha Ainmneacha baiste	Sloinne (ainm teaghlaigh) Sloinne breithe Ainmneacha eile (ailiasanna, ainmneacha ealaíontóra, ainmneacha eile a bhíonn in úsáid) Céadainm (neacha) Ainm(neacha) baiste	Sloinne (ainm teaghlaigh) Ainmneacha bréige Ailiasanna Ainmneacha a úsáideadh roimhe seo Céadainmneacha (Ainmneacha baiste) Ainmneacha bréige Ailiasanna Ainmneacha a úsáideadh roimhe seo	Sloinne (ainm teaghlaigh) Sloinne breithe (ainm nó ainmneacha teaghlaigh a úsáideadh roimhe seo) Céadainm nó céadainmneacha (ainm baiste nó ainmneacha baiste)
2	<b>Dáta breithe</b>	Dáta breithe Dáta breithe na n-aillasanna	Dáta breithe	Dáta breithe	Dáta breithe	Dáta breithe
3	<b>Inscne</b>	Inscne Inscne na n-aillasanna	Gnéas	Gnéas	Inscne	Gnéas
4	<b>Náisiúntacht agus áit bhreithe</b>	Náisiúntacht, agus más ann dóibh, aon náisiúntacht eile Náisiúntachtaí na n-aillasanna Áit bhreithe (tír bhreithe) Áit bhreithe na n-aillasanna (tír bhreithe)	Náisiúntacht Náisiúntachtaí	Náisiúntacht i láthair na huaire Áit bhreithe	Náisiúntacht Náisiúntachtaí Áit bhreithe (baile agus tír)	Náisiúntacht i láthair na huaire Náisiúntachtaí Náisiúntacht bhreithe Áit bhreithe agus tír bhreithe

Maidir le Córas Faisnéise Schengen, i gcás gach ceann de na sonraí dá bhforáiltear sa tábla, féadfaidh na sonraí céannachta a bheith ag baint le ceann amháin de na catagóirí seo a leanas:

- “céannacht dheimhnithe”, i gcás inar deimhníodh céannacht an duine ar bhonn doiciméid chéannachta bharántúla, mar thoradh ar mheaitseáil bhithmhéadrach, nó trí bhíthin ráiteas ó na húdaráis inniúla;
- “céannacht neamhdheimhnithe”, i gcás nach leor an fhianaise chun céannacht an duine a chruthú;
- “ailias”, i gcás ina n-úsáideann an duine céannacht bhréige nó céannacht a thugann sé air féin;
- “céannacht mhí-úsáidte”, maidir le duine atá faoi réir foláireamh i gCóras Faisnéise Schengen, i gcás ina n-úsáideann an duine sin céannacht duine eile ar fiordhuine é, go háirithe nuair a úsáidtear doiciméad chun aimhleasa fhíorúinéir an doiciméid sin.

Chun críocha an tábla seo, tagraíonn na sonraí céannachta a bhaineann le hailiasanna do chatagóirí (b), (c) agus (d) agus tagraíonn na sonraí céannachta nach mbaineann le hailiasanna do chatagóir (a).



## 2. SONRAÍ CÉANNACHTA COMHIONANNA

Leagtar síos san Iarscríbhinn seo na cásanna inar féidir a mheas gur comhionann iad na sonraí céannachta. Chun gur féidir a mheas gur comhionann iad na sonraí céannachta atá i gceist, ní mór na coinníollacha uile i Roinn 3 a chomhlíonadh.

## 3. NA CÁSANNA INAR FÉIDIR A MHEAS GUR COMHIONANN IAD NA SONRAÍ CÉANNACHTA DE RÉIR CATAGÓIR SONRAÍ

Chun gur féidir a mheas gur comhionann iad na sonraí céannachta atá i gceist, i gcás ina gcruthófar nasc idir sonraí ó dhá chóras faisnéise AE, ní mór na coinníollacha carnacha a leagtar síos i Ranna 3.1, 3.2, 3.3 agus 3.4 a chomhlíonadh.

### 3.1. Ainmneacha

Catagóir sonraí	CFS	Córas dul isteach/ imeachta (EES)	An Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)	Córas ECRIS-TCN	An Córas Faisnéise Víosáí (VIS)
<b>Ainmneacha (lena n-áirítear sloinne agus céadainm)</b>	Sloinne Sloinne a úsáideadh roimhe seo Sloinne na n-aillasanna Túsainmneacha Túsainmneacha a úsáideadh roimhe seo Ainmneacha breithe Túsainmneacha na n-aillasanna	Sloinne (ainm teaghlaigh) Céadainm Ainmneacha Ainmneacha baiste	Sloinne (ainm teaghlaigh) Sloinne breithe Ainmneacha eile (ailiasanna, ainmneacha ealaíontóra, ainmneacha eile a bhíonn in úsáid) Céadainm (neacha) Ainm(neacha) baiste	Sloinne (ainm teaghlaigh) Ainmneacha bréige Aillasanna Ainmneacha a úsáideadh roimhe seo Céadainmneacha (Ainmneacha baiste) Ainmneacha bréige Aillasanna Ainmneacha a úsáideadh roimhe seo	Sloinne (ainm teaghlaigh) Sloinne breithe (ainm nó ainmneacha teaghlaigh a úsáideadh roimhe seo) Céadainm nó céadainmneacha (ainm baiste nó ainmneacha baiste)

Chun gur féidir a mheas gur comhionann iad na sonraí céannachta atá i gceist, i gcás ina gcruthófar nasc idir sonraí ó dhá chóras faisnéise AE, ní mór na coinníollacha carnacha seo a leanas a comhlíonadh:

- (a) na sonraí a iontráladh i gceann amháin ar a laghad de na réimsí sonraí seo a leanas, is ionann na sonraí sin sa dá chóras:
- (i) sloinne;
  - (ii) ainm teaghlaigh;
  - (iii) sloinne a úsáideadh roimhe seo;
  - (iv) sloinne breithe;
  - (v) ainmneacha eile (ailiasanna, ainmneacha ealaíontóra, ainmneacha eile a bhíonn in úsáid);
  - (vi) ainmneacha bréige;
  - (vii) sloinne na n-aillasanna;
  - (viii) ainmneacha a úsáideadh roimhe seo;
  - (ix) ainmneacha teaghlaigh a úsáideadh roimhe seo.
- (b) na sonraí a iontráladh i gceann amháin ar a laghad de na réimsí sonraí seo a leanas, is ionann na sonraí sin sa dá chóras:
- (i) céadainm;
  - (ii) túsainm;
  - (iii) ainm;
  - (iv) ainmneacha baiste;
  - (v) túsainmneacha a úsáideadh roimhe seo;

- (vi) ainmneacha eile (ailiasanna, ainmneacha ealaíontóra, ainmneacha eile a bhíonn in úsáid);
- (vii) ainmneacha bréige;
- (viii) túsainmneacha ailias;
- (ix) ainmneacha a úsáideadh roimhe seo.

### 3.2. Dáta breithe

Catagóir sonraí	CFS	Córas dul isteach/ imeachta (EES)	An Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)	Córas ECRIS-TCN	An Córas Faisnéise Víosáí (VIS)
<b>Dáta breithe</b>	Dáta breithe Dáta breithe na n-ailiasanna	Dáta breithe	Dáta breithe	Dáta breithe	Dáta breithe

Chun gur féidir a mheas gur comhionann iad na sonraí céannachta atá i gceist, i gcás ina gcruthófar nasc idir sonraí ó dhá chóras faisnéise AE, ní mór gurb ionann na luachanna atá faoin gcatagóir sonraí “dáta breithe” sa dá chóras.

### 3.3. Inscne

Catagóir sonraí	CFS	Córas dul isteach/ imeachta (EES)	An Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)	Córas ECRIS-TCN	An Córas Faisnéise Víosáí (VIS)
<b>Inscne</b>	Inscne Inscne na n-ailiasanna	Gnéas	Gnéas	Inscne	Gnéas

Chun gur féidir a mheas gur comhionann iad na sonraí céannachta atá i gceist, i gcás ina gcruthófar nasc idir sonraí ó dhá chóras faisnéise AE, ní mór gurb ionann na luachanna atá faoin gcatagóir sonraí “inscne” sa dá chóras.

### 3.4. Náisiúntachtaí agus áit bhreithe

Catagóir sonraí	CFS	Córas dul isteach/ imeachta (EES)	An Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)	Córas ECRIS-TCN	An Córas Faisnéise Víosáí (VIS)
<b>Náisiúntach- taí agus áit bhreithe</b>	Náisiúntacht, agus más ann dóibh, aon náisiúntacht eile Náisiúntachtaí na n-ailiasanna Áit bhreithe (tír bhreithe) Áit bhreithe na n-ailiasanna (tír bhreithe)	Náisiúntacht Náisiúntachtaí	Náisiúntacht i láthair na huaire Áit bhreithe	Náisiúntacht Náisiúntachtaí Áit bhreithe (baile agus tír)	Náisiúntacht i láthair na huaire Náisiúntachtaí Náisiúntacht bhreithe Áit bhreithe agus tír bhreithe

Chun gur féidir a mheas gur comhionann iad na sonraí céannachta atá i gceist, i gcás ina gcruthófar nasc idir sonraí ó dhá chóras faisnéise AE, ní mór gurb ionann ar a laghad ceann amháin de na luachanna atá faoin gcatagóir sonraí “náisiúntachtaí agus áit bhreithe” sa dá chóras, lena n-áirítear ar a laghad ceann amháin de na náisiúntachtaí.

## IARSCRÍBHINN II

## 1. Sonraí ó chórais faisnéise éagsúla

	Catagóir sonraí	CFS	Córas dul isteach/ imeachta (EES)	An Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)	Córas ECRIS-TCN	An Córas Faisnéise Víosaí (VIS)
1	<b>Ainmneacha (lena n-áirítear sloinne agus céadainm)</b>	Sloinne Sloinne a úsáideadh roimhe seo Sloinne na n-ailiasanna Túsainmneacha Túsainmneacha a úsáideadh roimhe seo Ainmneacha breithe Túsainmneacha na n-ailiasanna	Sloinne (ainm teaghlaigh) Céadainm Ainmneacha Ainmneacha baiste	Sloinne (ainm teaghlaigh) Sloinne breithe Ainmneacha eile (ailiasanna, ainmneacha ealaíontóra, ainmneacha eile a bhíonn in úsáid) Céadainm (neacha) Ainm(neacha) baiste	Sloinne (ainm teaghlaigh) Ainmneacha bréige Ailiasanna Ainmneacha a úsáideadh roimhe seo Céadainmneacha (Ainmneacha baiste) Ainmneacha bréige Ailiasanna Ainmneacha a úsáideadh roimhe seo	Sloinne (ainm teaghlaigh) Sloinne breithe (ainm nó ainmneacha teaghlaigh a úsáideadh roimhe seo) Céadainm nó céadainmneacha (ainm baiste nó ainmneacha baiste)
2	<b>Dáta breithe</b>	Dáta breithe Dáta breithe na n-ailiasanna	Dáta breithe	Dáta breithe	Dáta breithe	Dáta breithe
3	<b>Inscne</b>	Inscne Inscne na n-ailiasanna	Gnéas	Gnéas	Inscne	Gnéas
4	<b>Náisiúntacht agus áit bhreithe</b>	Náisiúntacht, agus más ann dóibh, aon náisiúntacht eile Náisiúntachtaí na n-ailiasanna Áit bhreithe (tír bhreithe) Áit bhreithe na n-ailiasanna (tír bhreithe)	Náisiúntacht Náisiúntachtaí	Náisiúntacht i láthair na huaire Áit bhreithe	Náisiúntacht Náisiúntachtaí Áit bhreithe (baile agus tír)	Náisiúntacht i láthair na huaire Náisiúntachtaí Náisiúntacht bhreithe Áit bhreithe agus tír bhreithe

Maidir le Córas Faisnéise Schengen, i gcás gach ceann de na sonraí dá bhforáiltear sa tábla, féadfaidh na sonraí céannachta a bheith ag baint le ceann amháin de na catagóirí seo a leanas:

- “céannacht dheimhnithe”, i gcás inar deimhníodh céannacht an duine ar bhonn doiciméid chéannachta bharántúla, mar thoradh ar mheaitseáil bhithmhéadrach, nó trí bhithin ráiteas ó na húdaráis inniúla;
- “céannacht neamhdheimhnithe”, i gcás nach leor an fhianaise chun céannacht an duine a chruthú;
- “ailias”, i gcás ina n-úsáideann an duine céannacht bhréige nó céannacht a thugann sé air féin;
- “céannacht mhí-úsáidte”, maidir le duine atá faoi réir foláireamh i gCóras Faisnéise Schengen, i gcás ina n-úsáideann an duine sin céannacht duine eile ar fiordhuine é, go háirithe nuair a úsáidtear doiciméad chun aimhleasa fhíorúinéir an doiciméid sin.

Chun críocha an tábla seo, tagraíonn na sonraí céannachta a bhaineann le hailiasanna do chatagóirí (b), (c) agus (d) agus tagraíonn na sonraí céannachta nach mbaineann le hailiasanna do chatagóir (a).

## 2. SONRAÍ CÉANNACHTA COMHCHOSÚLA

Tugtar liosta uileghabhálach rialacha i Roinn 3 maidir leis na cásanna sin go measfar sonraí céannachta a bheith comhchosúil.

Déanfaidh eu-LISA, le cúnaimh agus comhairle ón nGrúpa Comhairleach Idir-inoibritheachta, na rialacha sin a chur i bhfeidhm trí bhithin algartaim i gcomhairle leis an gCoimisiún, agus cúnaimh á fháil aige agus comhairle á fáil aige ón bhFoghrúpa Idir-inoibritheachta den Ghrúpa Saineolaithe maidir le Córais Faisnéise le haghaidh Teorainneacha agus Slándála (“an Grúpa Saineolaithe”).

Déanfaidh eu-LISA faireachán ar thionchar chur i bhfeidhm an algartaim agus tuairisceoidh sé, ar bhonn rialta, don Ghrúpa Saineolaithe.

I gcás inar gá, chun teorainn a chur le líon na gcásanna inar ghá do na húdaráis fhreagracha naisc bhuí arna nginiúint ag an mbrathadóir ilchéannachtaí a iompú ina naisc bhána, iarrfaidh an Coimisiún, le cúnaimh agus comhairle ón nGrúpa Saineolaithe, ar eu-LISA an t-algartam a choigeartú trí thosaíocht a thabhairt do na naisc bhuí a chruthaítear idir sonraí céannachta a mheastar a bheith níos comhchosúla, i gcomhréir leis na rialacha i Roinn 3.

Déanfaidh an brathadóir ilchéannachtaí na sonraí céannachta a sheiceáil i gcónaí i gcomparáid leis na rialacha ar fad a leagtar síos i roinn 3.

## 3. NA CÁSANNA INAR FÉIDIR A MHEAS GO bhFUIL SONRAÍ CÉANNACHTA COSÚIL LE CHÉILE

### 3.1. Ainmneacha

Catagóir sonraí	CFS	Córas dul isteach/ imeachta (EES)	An Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)	Córas ECRIS-TCN	An Córas Faisnéise Víosáí (VIS)
<b>Ainmneacha (lena n-áirítear sloinne agus céadainm)</b>	Sloinne Sloinne a úsáideadh roimhe seo Sloinne na n-aillasanna Túsainmneacha Túsainmneacha a úsáideadh roimhe seo Ainmneacha breithe Túsainmneacha na n-aillasanna	Sloinne (ainm teaghlaigh) Céadainm Ainmneacha Ainmneacha baiste	Sloinne (ainm teaghlaigh) Sloinne breithe Ainmneacha eile (ailiasanna, ainmneacha ealaíontóra, ainmneacha eile a bhíonn in úsáid) Céadainm (neacha) Ainm(neacha) baiste	Sloinne (ainm teaghlaigh) Ainmneacha bréige Aillasanna Ainmneacha a úsáideadh roimhe seo Céadainmneacha (Ainmneacha baiste) Ainmneacha bréige Aillasanna Ainmneacha a úsáideadh roimhe seo	Sloinne (ainm teaghlaigh) Sloinne breithe (ainm nó ainmneacha teaghlaigh a úsáideadh roimhe seo) Céadainm nó céadainmneacha (ainm baiste nó ainmneacha baiste)

Sonraí céannachta sa chatagóir sonraí “ainmneacha”, féadfar a mheas gur sonraí comhchosúla iad i gcás inarb ann don mhéid seo a leanas:

- traslitríú aitheanta ar na hainmneacha;
- aisiompú ar na catagóirí sonraí seo a leanas:
  - sloinne; ainm teaghlaigh; sloinne a úsáideadh roimhe seo; sloinne breithe, ainm breithe; sloinne na n-aillasanna, ainmneacha teaghlaigh a úsáideadh roimhe seo;
  - céadainm; túsainm; ainm; ainmneacha baiste; túsainmneacha a úsáideadh roimhe seo; túsainmneacha ailias;
- cásanna ina bhfuil an céadainm, an túsainm agus an sloinne athghrúpáilte i gceann amháin de na réimsí sonraí;
- cásanna ina bhfuil ord dhá fhocal aisiompaithe, lena n-áirítear focail atá le hais a chéile agus focail nach bhfuil le hais a chéile;
- cásanna ina bhfuil ord dhá litir aisiompaithe, lena n-áirítear litreacha atá le hais a chéile agus litreacha nach bhfuil le hais a chéile;

- (f) cásanna ina bhfuil athrú ar charachtar amháin ag teastáil, lena n-áirítear ionsá, scrios nó ionadú, chun a fhágáil gurb ionann catagóir sonraí i gcóras faisnéise AE amháin agus catagóir sonraí i gcóras faisnéise AE eile;
- (g) cásanna ina bhfuil difríocht ann de bharr úsáid fleiscíní, camóg nó uaschamóg;
- (h) cásanna ina bhfuil an t-ainm teasctha.

### 3.2. Dáta breithe

Catagóir sonraí	CFS	Córas dul isteach/ imeachta (EES)	An Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)	Córas ECRIS-TCN	An Córas Faisnéise Víosáí (VIS)
<b>Dáta breithe</b>	Dáta breithe Dáta breithe na n-aíliasanna	Dáta breithe	Dáta breithe	Dáta breithe	Dáta breithe

Sonraí céannachta sa chatagóir sonraí “dáta breithe”, féadfar a mheas gur sonraí comhchosúla iad i gcás inarb ann don mhéid seo a leanas:

- (a) cásanna ina bhfaighfear meaitseáil idir na réimsí míosa agus lae má dhéantar iad a aisiompú;
- (b) cásanna inarb é tiontú aitheanta ar fhéilirí difriúla is cúis leis an difear ó thaobh an dáta breithe de;
- (c) cásanna ina bhfuil athrú ar charachtar amháin ag teastáil, lena n-áirítear ionsá, scrios nó ionadú, chun a fhágáil gurb ionann catagóir sonraí i gcóras faisnéise AE amháin agus catagóir sonraí i gcóras faisnéise AE eile.

### 3.3. Inscne

Catagóir sonraí	CFS	Córas dul isteach/ imeachta (EES)	An Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)	Córas ECRIS-TCN	An Córas Faisnéise Víosáí (VIS)
<b>Inscne</b>	Inscne Inscne na n-aíliasanna	Gnéas	Gnéas	Inscne	Gnéas

### 3.4. Náisiúntachtaí agus áit bhreithe

Catagóir sonraí	CFS	Córas dul isteach/ imeachta (EES)	An Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)	Córas ECRIS-TCN	An Córas Faisnéise Víosáí (VIS)
<b>Náisiúntachtaí agus áit bhreithe</b>	Náisiúntacht, agus más ann dóibh, aon náisiúntacht eile Náisiúntachtaí na n-aíliasanna Áit bhreithe (tír bhreithe) Áit bhreithe na n-aíliasanna (tír bhreithe)	Náisiúntacht Náisiúntachtaí	Náisiúntacht i láthair na huaire Áit bhreithe	Náisiúntacht Náisiúntachtaí Áit bhreithe (baile agus tír)	Náisiúntacht i láthair na huaire Náisiúntachtaí Náisiúntacht bhreithe Áit bhreithe agus tír bhreithe

Na sonraí céannachta sa chatagóir sonraí “náisiúntachtaí agus áit bhreithe”, féadfar a mheas gur sonraí comhchosúla iad i gcás inarb ann don mhéid seo a leanas:

- (a) traslitriú aitheanta ar na náisiúntachtaí nó ar an áit bhreithe;

- (b) cásanna ina bhfuil athrú ar charachtar amháin ag teastáil, lena n-áirítear ionsá, scrios nó ionadú, chun a fhágáil gurb ionann catagóir sonraí i gcóras faisnéise AE amháin agus catagóir sonraí i gcóras faisnéise AE eile;
  - (c) cásanna aitheanta inar athraíodh ainm na náisiúntachtaí, na dtíortha nó na gcathracha.
-

**RIALACHÁN (AE) 2023/334 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 2 Feabhra 2023**

**lena leasaítear Iarscríbhinní II agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh clóitiainídine agus tiaimeatocsam i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 14(1)(a), Airteagal 18(1)(b) agus Airteagal 49(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcás clóitiainídine agus tiaimeatocsam leagadh síos uasleibhéil iarmhar (MRLanna) in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. Rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (an 'tÚdarás') athbhreithniú ar na MRLanna sin i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 <sup>(2)</sup> agus mhol sé MRLanna a fuarthas a bheith sábháilte do thomhaltóirí. Le Rialachán (AE) 2016/156 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup> cuireadh na MRLanna sin isteach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. Bhí roinnt de na MRLanna sin bunaithe ar uasteorainneacha iarmhar Codex (CXLanna) agus cuireadh isteach iad cheana féin in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 trí leasuithe a rinneadh roimhe sin <sup>(4)</sup>.
- (2) An 11 Iúil 2015 <sup>(5)</sup> ghlac an Coimisiún Codex Alimentarius (CAC) tacar nua CXLanna le haghaidh clóitiainídine agus tiaimeatocsam. Ós rud é gur mheas an tÚdarás go raibh siad sábháilte do thomhaltóirí san Aontas <sup>(6)</sup>, cuireadh isteach iad i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 le Rialachán (AE) Uimh. 2017/671 ón gCoimisiún <sup>(7)</sup>.

<sup>(1)</sup> IO L 70, 16.3.2005, lch. 1.

<sup>(2)</sup> EFSA (an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia), 2014. *Reasoned opinion on the review of the existing maximum residue levels (MRLs) for clothianidin and thiamethoxam according to Article 12 of Regulation (EC) No 396/2005* [Tuairim réasúnaithe maidir leis an athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana i gcás clóitiainídine agus tiaimeatocsam de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2014;12(12):3918, 120 lch. doi:10.2903/j.efsa.2014.3918.

<sup>(3)</sup> Rialachán (AE) 2016/156 ón gCoimisiún an 18 Eanáir 2016 lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh boscailide, clóitiainídine, tiaimeatocsam, foilpéid agus tolclófos-meitile i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe, IO L 31, 6.2.2016, lch. 1.

<sup>(4)</sup> Rialachán (AE) 441/2012 ón gCoimisiún an 24 Bealtaine 2012 lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh défheineasáite, défheintrine, boscailide, cadúsafos, clórantrainileapróil, clóratainile, clóitiainídine, ciopróconasóil, deiltemheitrine, díceamba, défeanaconasóil, déineacap, eatocsasóil, feinpiorocsamáite, fluibeindé-aimíde, fluidhé-ocsainile, glofosáite, meatalacsailé-M, meiptildéineacap, nóvalúron, tiaimeatocsam agus trí-asafos i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe (IO L 135, 25.5.2012, lch. 4).

<sup>(5)</sup> Clár comhpháirteach FAO/EDS um chaighdeán bhia, an Coimisiún Codex Alimentarius. Foscríbhinní III agus IV. An tOchtú Seisiún is Tríocha. An Ghinéiv, an Eilvéis, an 6-11 Iúil 2015.

<sup>(6)</sup> An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; *Scientific support for preparing an EU position in the 47th Session of the Codex Committee on Pesticide Residues (CCPR)* [Tacaíocht eolaíoch chun seasamh ón Aontas Eorpach a ullmhú don 47ú Seisiún den Choiste Codex maidir le hlarmhair Lotnaidicídí (CCPR)]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2015;13(7):4208, 178 lch. doi: 10.2903/j.efsa.2015.4208.

<sup>(7)</sup> Rialachán (AE) 2017/671 ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2017 lena leasaítear Iarscríbhinní II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh clóitiainídine agus tiaimeatocsam i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe (IO L 97, 8.4.2017, lch. 9).

- (3) Cuireadh clóitiainídín agus tiaimeatocsam isteach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE ón gComhairle <sup>(8)</sup> an 1 Lúnasa 2006 agus an 1 Feabhra 2007, faoi seach, agus dá bhrí sin, roimh theacht i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(9)</sup>. Leis na measúnuithe riosca is déanaí <sup>(10)</sup> <sup>(11)</sup> le haghaidh beach a rinne an tÚdarás faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 maidir le nochtadh do na substaintí sin fuarthas, mar gheall ar a n-airíonna intreacha, go mbaineann rioscaí do-ghlactha do bheacha de dheasca clóitiainídín agus tiaimeatocsam a úsáid amuigh faoin aer, nó nach bhféadfaí na rioscaí sin a chur as an áireamh ar bhonn na sonraí atá ar fáil. Dá bhrí sin, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/784 <sup>(12)</sup> agus 2018/785 ón gCoimisiún <sup>(13)</sup> cuireadh srian le formheas clóitiainídín agus tiaimeatocsam, faoi seach, chun nach n-úsáidfeadh iad ach i dtithe gloine buana, agus ceanglaíodh leo go bhfanadh na barra i gceist i dteach gloine buan ar feadh a saolré iomláine.
- (4) Tar éis ghlacadh na srianta sin, tarraingíodh siar gach iarratas ar fhormheas na substaintí gníomhacha clóitiainídín agus tiaimeatocsam a athnuachan. Dá bhrí sin, chuaigh formheas clóitiainídín in éag an 31 Eanáir 2019 agus chuaigh formheas tiaimeatocsam in éag an 30 Aibreán 2019.
- (5) Ar bhonn mheasúnú riosca an Údaráis le haghaidh beach agus ar bhonn gach faisnéise ábhartha atá ar fáil, níl aon fhianaise ann faoi láthair a ligfeadh go measfaí go raibh aon úsáid a mbainfí as clóitiainídín ná as tiaimeatocsam amuigh faoin aer sábháilte do bheacha. Mar sin féin, féadfaidh tairgeoirí na substaintí, tráth ar bith, breis faisnéise a chur isteach, dá bhforáiltear in Airteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, ar faisnéis í a léiríonn sábháilteacht do bheacha i leith clóitiainídín agus tiaimeatocsam a úsáid amuigh faoin aer. Dá gcuirfí isteach an fhaisnéis sin, dhéanfaí athbhreithniú uirthi laistigh den tréimhse ama dá bhforáiltear sa Rialachán sin. Go dtí seo, níor cuireadh isteach aon fhaisnéis den sórt sin.
- (6) Tá baint dhíreach ag éifeachtaí díobhálacha clóitiainídín agus tiaimeatocsam ar bheacha le hairíonna intreacha na substaintí sin. Dá bhrí sin, ní dócha gur san Aontas amháin a bhfuil na rioscaí ann le haghaidh beach de dheasca úsáid na substaintí sin amuigh faoin aer.
- (7) Tá corpas suntasach fianaise ann a léiríonn go bhfuil ról tábhachtach ag substaintí gníomhacha ar neoinicítionóidigh iad, amhail clóitiainídín agus tiaimeatocsam, sa mheath atá tagtha ar bheacha agus ar phailneoirí eile ar fud an domhain. An tArdán Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais maidir le pailneoirí, pailniú agus tairgeadh bia, tháinig sé ar an gconclúid sa tuarascáil mheasúnaithe uaidh in 2016 <sup>(14)</sup> go bhfuil éifeachtaí díobhálacha ag neoinicítionóidigh (amhail clóitiainídín agus tiaimeatocsam) ar bheacha agus ar phailneoirí eile. Tá measúnú déanta ag an Tascfhórsa um Lotnaidicídí Sistémacha de chuid an Aontais Idirnáisiúnta um Chaomhnú an Dúlra (IUCN) ar thionchar na neoinicítionóideach ar an bhfiadhúlra ó bhí 2012 ann. Sa Mheasúnú Comhtháite Domhanda ar Thionchar Lotnaidicídí Sistémacha ar Bithéagsúlacht agus Éiceachórais (WIA), rinneadh scrúdú ar 1,121 staidéar eolaíoch agus léiríonn na torthaí go bhfuil na pobail

<sup>(8)</sup> Treoir 91/414/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1991 maidir le tairgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 230, 19.8.1991, lch. 1).

<sup>(9)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le tairgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1).

<sup>(10)</sup> An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; *Peer review of the pesticide risk assessment for bees for the active substance clothianidin considering the uses as seed treatments and granules* [Athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca le haghaidh beach maidir leis an substaint ghníomhach clóitiainídín i leith na n-úsáidí mar chóireálacha síl agus mar ghráiníní]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2018;16(2):5177.

<sup>(11)</sup> An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; *Peer review of the pesticide risk assessment for bees for the active substance clothianidin considering the uses as seed treatments and granules* [Athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca le haghaidh beach maidir leis an substaint ghníomhach tiaimeatocsam i leith na n-úsáidí mar chóireálacha síl agus mar ghráiníní]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2018;16(2):5179.

<sup>(12)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/784 ón gCoimisiún an 29 Bealtaine 2018 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha formheasa le haghaidh na substainte gníomhaí clóitiainídín (IO L 132, 30.5.2018, lch. 35).

<sup>(13)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/785 ón gCoimisiún an 29 Bealtaine 2018 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha formheasa le haghaidh na substainte gníomhaí tiaimeatocsam (IO L 132, 30.5.2018, lch. 40).

<sup>(14)</sup> IPBES (2016). *The assessment report of the Intergovernmental Science-Policy Platform on Biodiversity and Ecosystem Services on pollinators, pollination and food production*. S.G. Potts, V. L. Imperatriz-Fonseca, agus H. T. Ngo (eagarthóirí). Rúnaíocht an Ardáin Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais, Bonn, an Ghearmáin. 552 leathanach. <https://doi.org/10.5281/zenodo.3402856>.



pailneoirí an-leochaileach i leith na leibhéal truaillithe le neoinicítionóidigh atá ann cheana agus gur dócha go mbeidh tionchair dhiúltacha bhitheolaíoch agus éiceolaíoch ar scála mór agus go forleathan acu<sup>(15)</sup>. Comhthacaíodh an chonclúid seo le hathbhreithniú a rinneadh le déanaí ar an eolas eolaíoch atá ann cheana, athbhreithniú a léirigh go bhfuil úsáid neoinicítionóideach ina phríomhchúis leis an meath atá ar an bpobal pailneoirí i réigiúin éagsúla den domhain<sup>(16)</sup>.

- (8) Ó cuireadh toirmeasc ar chlóitiainidín agus ar thiaimeatocsam a úsáid amuigh faoin aer san Aontas, chuir roinnt tíortha lasmuigh den Aontas srian freisin ar clóitiainidín agus tiaimeatocsam a úsáid chun pailneoirí, lena n-áirítear beacha, a chosaint<sup>(17)</sup> <sup>(18)</sup> <sup>(19)</sup>. Tá tíortha eile ag déanamh athmheastóireacht faoi láthair ar a bhformheas ar na substaintí gníomhacha sin<sup>(20)</sup> <sup>(21)</sup> <sup>(22)</sup>.
- (9) Le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 leagtar síos forálacha a bhaineann le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus beatha de thionscnamh ainmhíoch agus plandaí i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 178/2002<sup>(23)</sup>. I gcomhréir le hAirteagal 5(1) den Rialachán deireanach sin, le dlí an bhia saothrófar cuspóir ginearálta amháin nó níos mó i dtaca le hardleibhéal cosanta do bheatha agus do shláinte an duine agus cosaint leasanna na dtomhaltóirí, lena n-áirítear cleachtais chothroma i dtrádáil an bhia, agus cosaint sláinte agus folláine ainmhithe, cosaint sláinte plandaí agus cosaint an chomhshaoil á gcur san áireamh i gcás inarb iomchuí.
- (10) Is ábhar inní atá ag dul i méid ar fud an domhain é go bhfuil an meath ar na pailneoirí ina bhgairt thromchúiseach ar an mbithéagsúlacht dhomhanda, ar an gcomhshaoil agus ar an bhforbairt inbhuanaithe, agus ar chothabháil na táirgiúlachta talmhaíochta agus na slándála bia. De réir an Tionscnaimh Idirnáisiúnta do Chaomhnú agus d'Úsáid Inbhuanaithe Pailneoirí de chuid an Choinbhinsiúin maidir leis an mbithéagsúlacht<sup>(24)</sup>, tá an pailniú ar cheann de na gníomhaíochtaí is tábhachtaí maidir leis an mbithéagsúlacht a chothabháil agus a chur chun cinn, mar aon leis an saol ar domhan go ginearálta. Bíonn go leor éiceachóras, lena n-áirítear agrai-éiceachórais agus dhá thrian de na mórbharra bia, ag brath ar phailneoirí ó thaobh cáilíochta nó táirgeachta de. Éilíonn Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiúin Aontaithe (FAO) go ndéanfar gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar phríomhchúiseanna an mheatha ar phailneoirí ar mhaithe le táirgeadh inbhuanaithe domhanda bia<sup>(25)</sup>. Bianna

<sup>(15)</sup> An Tascfhórsa um Lotnaidicídí Sistéamacha de chuid an Aontais Idirnáisiúnta um Chaomhnú an Dúlra (IUCN), an Choimisiúin um Marthanas Speiceas (SSC) agus an Choimisiúin um Bainistiú Eiceachóras (CEM). *Worldwide Integrated Assessment*. Tiomsachán d'ailt maidir le taighde ar eolaíocht an chomhshaoil agus ar thruaillíú ó irisí eolaíoch a rinneadh athbhreithniú píaraí orthu, imleabhar 22, eagrán 1, Eanáir 2015.

<sup>(16)</sup> *Neonic Insecticides and Invertebrate Species Endangerment*, Pierre Mineau. *Module in Earth Systems and Environmental Sciences*. 2021. <https://www.sciencedirect.com/science/article/pii/B9780128211397001264>.

<sup>(17)</sup> Gníomhaireacht Rialála *Health Canada* maidir le Bainistiú Lotnaidí. Re-evaluation Decision RVD2019-05, Clothianidin and Its Associated End-use Products: Pollinator Re-evaluation. Pest Management Regulatory Agency an 11 Aibreán 2019 ISSN: 1925-0886.

<sup>(18)</sup> Gníomhaireacht Rialála *Health Canada* maidir le Bainistiú Lotnaidí. Re-evaluation Decision RVD2019-04., Thiamethoxam and Its Associated End-use Products: Pollinator Re-evaluation. Pest Management Regulatory Agency an 11 Aibreán 2019 ISSN: 1925-0886.

<sup>(19)</sup> *Ministerio de Ganadería, Agricultura y Pesca de Paraguay. Resolución N° 503/019 DGSA Modificación de etiquetas para los Productos Fitosanitarios a base de los ingredientes activos Clotianidina, Imidacloprid, Tiametoxan y Clorpirifos*. Nollaig 2019.

<sup>(20)</sup> Údarás na hAstráile maidir le Lotnaidicídí agus Táirgí Íocshláinte Tréidliachta. *Reconsideration of Neonicotinoid Approvals and Registrations. Commonwealth of Australia Gazette* Uimh. APVMA 23, Samhain 2019. [https://apvma.gov.au/sites/default/files/apvma\\_gazette\\_23\\_19\\_november\\_2019.pdf](https://apvma.gov.au/sites/default/files/apvma_gazette_23_19_november_2019.pdf).

<sup>(21)</sup> Údarás na Nua Shéalainne um Chaomhnú an Chomhshaoil. *Application to decide whether there are grounds for reassessment of the neonicotinoids clothianidin, thiamethoxam, imidacloprid, thiacloprid, and acetamiprid (APP203949)*. Nollaig 2019. [https://www.epa.govt.nz/assets/FileAPI/hsno-ar/APP203949/APP203949\\_Final\\_Neonicotinoids\\_Decision\\_16-12-2019.pdf](https://www.epa.govt.nz/assets/FileAPI/hsno-ar/APP203949/APP203949_Final_Neonicotinoids_Decision_16-12-2019.pdf).

<sup>(22)</sup> Gníomhaireacht na Stát Aontaithe um Chaomhnú an Chomhshaoil. *Proposed Interim Registration Review Decision* Cás-Uimhreacha 7620 agus 7614. Uimhreacha Duillín EPA-HQ-OPP-2011-0865 agus EPA-HQ-OPP-2011-0581. Eanáir 2020.

<sup>(23)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos na prionsabail ghinearálta agus na ceanglais ghinearálta maidir le dlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair a bhaineann le sábháilteacht bia. IO L 31, 1.2.2002, lch. 1.

<sup>(24)</sup> <https://www.cbd.int/doc/decisions/cop-14/cop-14-dec-06-en.pdf>.

<sup>(25)</sup> FAO. 2019. *The State of the World's Biodiversity for Food and Agriculture*. J. Bélanger & D. Pilling (eagarthóirí). Measúnuithe ón gCoimisiún de chuid FAO maidir le hAcmhainní Géiniteacha do Bhia agus don Talmhaíocht. An Róimh. 572 lch. <https://www.fao.org/3/CA3129EN/CA3129EN.pdf>.

amhail torthaí, glasraí, cnónna agus síolta arb iad na príomhfhoinsí de mhicreachothaithigh is gá san aiste bia chun an baol a bhaineann le roinnt galar neamhtheagmhálach i ndaoine a chosc, bíonn siad ag brath go mór ar phailneoirí <sup>(26)</sup> <sup>(27)</sup>. Dá bhrí sin, tá pailneoirí tábhachtach chun éagsúlacht a áirithiú san aiste bia agus chun an bhagairt ar bhithéagsúlacht sa chomhshaol domhanda a laghdú.

- (11) Ós rud é gur ábhar inmí idirnáisiúnta é an meath ar phailneoirí, ní mór don Aontas bearta a ghlacadh chun pobail pailneoirí ar fud an domhain, lena n-áirítear beacha, a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le substaintí gníomhacha, amhail na neoinicítionóidigh clóitiainídín agus tiaimeatocsam. Ní leor an pobal pailneoirí a chaomhnú laistigh den Aontas amháin chun an meath domhanda ar phobail pailneoirí agus a éifeachtaí ar an mbithéagsúlacht, ar tháirgeadh talmhaíochta agus ar shlándáil bia, san Aontas freisin, a aisiompú.
- (12) I gcomhréir le hAirteagal 3(2)(d) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, bhí MRLanna le haghaidh clóitiainídín agus tiaimeatocsam bunaithe ar Dhea-Chleachtais Talmhaíochta (GAPanna) faoi mar a shainmhínítear in Airteagal 3(2)(a) den Rialachán sin, inar cuireadh san áireamh, go háirithe, gnéithe maidir le héifeachtúlacht chun lotnaidí plandaí a chomhrac, agus cosaint an chomhshaoil agus na sláinte poiblí i gcomhthéacs údarú úsáid na dtáirgí cosanta plandaí ina bhfuil na substaintí sin. Rinneadh na MRLanna a d'eascair as na GAPanna sin a mheas ina dhiaidh sin agus fuarthas go raibh siad sábháilte do thomhaltóirí san Aontas. Is iomchuí anois an fhreagairt rialála a bhí ann go dtí seo a chomhlánú trí ghnéithe den chomhshaoil a chomhtháthú níos fearr inti, agus aird faoi leith á tabhairt ar cé acu an áirithítear nó nach n-áirithítear cosaint leordhóthanach don chomhshaol leis na GAPanna a úsáideadh roimhe seo mar bhonn chun MRLanna a leagan síos, de réir an eolais atá ann faoi láthair. Na GAPanna ina n-úsáidtear clóitiainídín agus tiaimeatocsam amuigh faoin aer, níl siad inghlactha i bhfianaise an eolais eolaíoch agus theicniúil atá ann faoi láthair, mar gheall ar an tionchar atá acu ar bheacha. Ó tharla go bhfuil meath ar phailneoirí ar fud an domhain, is gá a áirithiú freisin nach mbeidh iarmhair a eascraíonn ó GAPanna i dtráchtearraí a allmhairítear isteach san Aontas, ar GAPanna iad atá bunaithe ar úsáidí amuigh faoin aer de chlóitiainídín agus/nó tiaimeatocsam, ionas nach n-aistreofar éifeachtaí díobhálacha ar bheacha ó tháirgeadh bia san Aontas go táirgeadh bia in áiteanna eile ar domhan a allmhaireofar isteach san Aontas ansin <sup>(28)</sup>. Is iomchuí sin chun a áirithiú go mbeidh na táirgí uile a tháirgfear nó a chaithfear san Aontas saor ó chlóitiainídín agus ó thiaimeatocsam agus nach mbeidh baint ag an táirgeadh le mortlaíocht pailneoirí. Ina fhianaise sin, CXLanna atá bunaithe ar GAPanna nach mbaineann an leibhéal iomchuí cosanta amach don Aontas, níor cheart foráil a dhéanamh maidir leo a thuilleadh mar MRLanna de bhun Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.
- (13) Thairis sin, cúlghaireadh gach údarú le haghaidh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil clóitiainídín agus/nó tiaimeatocsam san Aontas. Is iomchuí, dá bhrí sin, na MRLanna comhfhreagracha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a scríosadh, i gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán sin i gcomhar le hAirteagal 14(1)(a).
- (14) Dá bhrí sin, agus na tosca uile a bhaineann leis an ábhar atá á mheas i gcomhréir le hAirteagal 14(2) á gcur san áireamh, arna léamh i bhfianaise Airteagal 11 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, lena gceanglaítear nach 'foláir ceanglais chosaint an chomhshaoil a lánpháirtíú i sainiú agus i gcur chun feidhme bheartais agus ghníomhaíochtaí an Aontais, go háirithe d'fhonn forbairt inbhuanaithe a chur ar aghaidh', ba cheart na MRLanna uile atá ann faoi láthair le haghaidh clóitiainídín agus/nó tiaimeatocsam mar a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a íslíú go dtí an Teorainn Chinnidh (LOD).

<sup>(26)</sup> *Effects of decreases of animal pollinators on human nutrition and global health: a modelling analysis*. MR Smith, GM Singh, D Mozaffarian, SS Myers. *The Lancet* 386, Eagrán 10007; 2015. doi: 10.1016/S0140-6736(15)61085-6.

<sup>(27)</sup> Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún. Plean Sáraithe Ailse na hEorpa. COM (2021) 44. <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/en/TXT/?uri=COM%3A2021%3A44%3AFIN>.

<sup>(28)</sup> Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún. *A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally-friendly food system* [Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol]. COM (2020) 381. <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52020DC0381>.

- (15) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le saotharlanna tagartha an Aontais Eorpaigh maidir le LODanna a d'fhéadfaí a bhaint amach go hanailíseach le haghaidh gach táirge. Ba cheart na LODanna sin a liostú in Iarscríbhinn V i gcomhréir le hAirteagal 18(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.
- (16) Chuathas i gcomhairle le comhpháirtithe trádála an Aontais maidir leis na MRLanna nua tríd an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, agus cuireadh a mbarúlacha san áireamh.
- (17) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir.
- (18) Chun go mbeifear in ann margú, próiseáil agus tomhaltas táirgí a dhéanamh ar an ngnáthshlí, ba cheart foráil a dhéanamh leis an Rialachán seo maidir le socrú idirthréimhseach i gcás táirgí a tháirgtear san Aontas nó a allmhairítear isteach san Aontas sula modhnaítear na MRLanna agus ar ina leith a léiríonn an fhaisnéis go gcoinnítear leibhéal ard cosanta don tomhaltóir ar bun i ndáil leis na táirgí sin a chomhlíonann na MRLanna atá ann cheana.
- (19) Ba cheart tréimhse réasúnta a bheith ann sula mbeidh feidhm ag na MRLanna modhnaithe ionas go mbeidh oibreoirí i dtríú tíortha, go háirithe i dtíortha is lú forbairt agus i dtíortha atá i mbéal forbartha, agus oibreoirí gnólachtaí bia in ann iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a thiocfaidh as an modhnú ar na MRLanna a chomhlíonadh. Is féidir coinne réasúnta a bheith leis go mbeidh oiriúnú den sórt sin ar chleachtais talmhaíochta curtha i gcrích tar éis dhá shéasúr fáis ar a laghad.
- (20) Chun freastal ar riachtanais na trádála idirnáisiúnta, féadfar iarratais ar lamháltais allmhairiúcháin le haghaidh clóitiainídine nó tiameatocsam a chur isteach de bhun Airteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 agus ba cheart faisnéis ábhartha a sholáthar leo chun a léiriú go bhfuil na GAPanna atá i bhfeidhm maidir le húsáidí sonracha na substaintí gníomhacha sábháilte do phailneoirí. Dá gcuirfí isteach an fhaisnéis sin, dhéanfaí measúnú cás ar chás uirthi laistigh den tréimhse ama dá bhforáiltear sa Rialachán sin. I gcomhthéacs an mheasúnaithe ar iarraidh ar lamháltas allmhairiúcháin, má chuireann iarratasóir fianaise eolaíoch ar fáil nach mbeidh tionchar díobhálach ag úsáid na neoinicítionóideach sin ar phailneoirí, má chomhlíontar na ceanglais uile, d'fhéadfadh an Coimisiún lamháltas allmhairiúcháin a leagan síos.
- (21) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinní II agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

#### *Airteagal 2*

Beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcónaí mar a bhí sular leasaíodh é leis an Rialachán seo maidir le táirgí a tháirgtear san Aontas nó a allmhairítear isteach san Aontas roimh an 7 Márta 2026.

#### *Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 7 Márta 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 2 Feabhra 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

---

## IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní II agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 mar a leanas:

- (1) in Iarscríbhinn II scriostar na colúin le haghaidh clóitiainídine agus tiameatocsam.  
 (2) in Iarscríbhinn V cuirtear isteach na colúin le haghaidh clóitiainídine agus tiameatocsam:

“Iarmhair lotnaidicídí agus uasleibhéil iarmhar (mg/kg)

Códuimhir	Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo <sup>(1)</sup>	Clóitiainídín	Tiameatocsam
(1)	(2)	(3)	(4)
0100000	<b>TORTHAÍ, iad ÚR nó REOITE; CNÓNNA CRANN</b>	<b>0,01 *</b>	<b>0,01 *</b>
0110000	<b>Torthaí citris</b>		
0110010	Seadóga		
0110020	Oráistí		
0110030	Líomóidí		
0110040	Líomaí		
0110050	Mandairíní		
0110990	Eile (2)		
0120000	<b>Cnónna crann</b>		
0120010	Almóinní		
0120020	Cnónna Brasaíleacha		
0120030	Cnónna caisiú		
0120040	Castáin		
0120050	Cnónna cócó		
0120060	Cnónna coill		
0120070	Macadaimia		
0120080	Cnónna peacáin		
0120090	Eithní cnónna péine		
0120100	Cnónna pistéise		
0120110	Gallchnónna		
0120990	Eile (2)		
0130000	<b>Torthaí póma</b>		
0130010	Úlla		
0130020	Piorraí		
0130030	Cainchí		
0130040	Torthaí ón meispeal Gearmánach		
0130050	Locuatanna		
0130990	Eile (2)		

0140000	<b>Torthaí cloiche</b>		
0140010	Aibreoga		
0140020	Silíní (iad milis)		
0140030	Péitseoga		
0140040	Plumaí		
0140990	Eile (2)		
0150000	<b>Caora agus torthaí beaga</b>		
0151000	<b>(a) fionchaora</b>		
0151010	Fionchaora boird		
0151020	Fíniúnacha coiteanna		
0152000	<b>(b) sútha talún</b>		
0153000	<b>(c) torthaí cána</b>		
0153010	Sméara dubha		
0153020	Eithreoga		
0153030	Sútha craobh (iad dearg agus buí)		
0153990	Eile (2)		
0154000	<b>(d) torthaí beaga eile agus caora eile</b>		
0154010	Fraocháin		
0154020	Mónóga		
0154030	Cuiríní (iad dubh, dearg agus bán)		
0154040	Spíonáin (iad glas, dearg agus buí)		
0154050	Mogóirí róis		
0154060	Maoildearga (iad dubh agus bán)		
0154070	Torthaí ón sceach gheal asaróil		
0154080	Caora troim		
0154990	Eile (2)		
0160000	<b>Torthaí ilghnéitheacha ag a bhfuil</b>		
0161000	<b>(a) craiceann inite</b>		
0161010	Dátaí		
0161020	Figí		
0161030	Ológa boird		
0161040	Cumcuait		
0161050	Torthaí réaltúla		
0161060	Dátphlumaí Seapánacha		
0161070	Plumaí láva		
0161990	Eile (2)		
0162000	<b>(b) craiceann do-ite, é beag</b>		
0162010	Cíobhaíonna (iad glas, dearg agus buí)		
0162020	Lítsíonna		

0162030	Páiseoga		
0162040	Piorraí deilgneacha		
0162050	Réalt-úlla		
0162060	Dátphlumaí Meiriceánacha		
0162990	Eile (2)		
0163000	<b>(c) craiceann do-ite, é mór</b>		
0163010	Abhacáid		
0163020	Bananaí		
0163030	Mangónna		
0163040	Papánna		
0163050	Pomagránaití		
0163060	Céiriomoighe		
0163070	Guábhaí		
0163080	Anainn		
0163090	Torthaí aráin		
0163100	Duraígh		
0163110	Úlla deilgneacha		
0163990	Eile (2)		
0200000	<b>GLASRAÍ, iad ÚR nó REOITE</b>		
0210000	<b>Glasraí fréimhe agus tiúbair</b>	<b>0,01 *</b>	<b>0,01 *</b>
0211000	<b>(a) prátaí</b>		
0212000	<b>(b) glasraí fréimhe agus tiúbair trópaiceacha</b>		
0212010	Casabhaigh		
0212020	Prátaí milse		
0212030	Ionaim		
0212040	Ararút		
0212990	Eile (2)		
0213000	<b>(c) glasraí fréimhe agus tiúbair eile seachas biatas síúcra</b>		
0213010	Meacain bhiatais		
0213020	Meacain dhearga		
0213030	Soiliriach/soilire tornapa		
0213040	Meacain ragaim		
0213050	Bliosáin ghréine		
0213060	Meacain bhána		
0213070	Fréamhacha peirsile/peirsil fréimhe Hamburg		
0213080	Raidisí		

0213090	Salsabh		
0213100	Svaeideanna		
0213110	Tornapaí		
0213990	Eile (2)		
0220000	<b>Glasraí bleibíní</b>	0,01 *	0,01 *
0220010	Gairleog		
0220020	Oinniúin		
0220030	Seallóidí		
0220040	Oinniúin earraigh/scailliúin agus ciobúil		
0220990	Eile (2)		
0230000	<b>Glasraí a thugann torthaí</b>	<b>0,01 *</b>	<b>0,01 *</b>
0231000	<b>(a) Solanaceae agus Malvaceae</b>		
0231010	Trátaí		
0231020	Piobair		
0231030	Ubhthorthaí		
0231040	Ocra		
0231990	Eile (2)		
0232000	<b>(b) guird a bhfuil craiceann inite acu</b>		
0232010	Cúcamaí		
0232020	Gircíní		
0232030	Cúirséid		
0232990	Eile (2)		
0233000	<b>(c) guird a bhfuil craiceann do-ite acu</b>		
0233010	Mealbhacáin		
0233020	Puimcíní		
0233030	Mealbhacáin uisce		
0233990	Eile (2)		
0234000	<b>(d) arbhar milis</b>		
0239000	<b>(e) glasraí eile a thugann torthaí</b>		
0240000	<b>Glasraí praisí (seachas fréamhacha praisí agus barra duilleog óga praisí)</b>	<b>0,01 *</b>	<b>0,01 *</b>
0241000	<b>(a) praiséach bhlátha</b>		
0241010	Brocaílí		
0241020	Cóilis		
0241990	Eile (2)		
0242000	<b>(b) praiséach chinn</b>		
0242010	Bachlóga Bruiséile		
0242020	Cabáistí cinn		
0242990	Eile (2)		



0243000	<b>(c) praiseach dhuilleach</b>		
0243010	Cabáistí Síneacha		
0243020	Cáil		
0243990	Eile (2)		
0244000	<b>(d) cálráibí</b>		
0250000	<b>Glasraí duilleacha, luibheanna agus bláthanna inite</b>		
0251000	<b>(a) leitísí agus plandaí sailéid</b>	<b>0,01 *</b>	<b>0,01 *</b>
0251010	Ceathrúna uain		
0251020	Leitísí		
0251030	Searbháin muc		
0251040	Biolair agus eascróga agus peacáin eile		
0251050	Biolair thalún		
0251060	Ruachán Rómhánach		
0251070	Mustard dearg		
0251080	Barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí)		
0251990	Eile (2)		
0252000	<b>(b) spionáistí agus duilleoga comhchosúla</b>	<b>0,01 *</b>	<b>0,01 *</b>
0252010	Spionáistí		
0252020	Puirsléáin		
0252030	Seardas/duilleoga biatais		
0252990	Eile (2)		
0253000	<b>(c) duilleoga caor fíniúna agus speicis chomhchosúla</b>	<b>0,01 *</b>	<b>0,01 *</b>
0254000	<b>(d) biolair uisce</b>	<b>0,01 *</b>	<b>0,01 *</b>
0255000	<b>(e) searbháin na Beilge</b>	<b>0,01 *</b>	<b>0,01 *</b>
0256000	<b>(f) luibheanna agus bláthanna inite</b>	<b>0,02 *</b>	<b>0,02 *</b>
0256010	Costóg		
0256020	Síobhas		
0256030	Duilleoga soilire		
0256040	Peirsil		
0256050	Sáiste		
0256060	Marós		
0256070	Tím		
0256080	Basal agus bláthanna inite		
0256090	Duilleog labhrais		
0256100	Dragan		
0256990	Eile (2)		
0260000	<b>Léagúim</b>	<b>0,01 *</b>	<b>0,01 *</b>
0260010	Pónairí (a bhfuil faighneoga acu)		
0260020	Pónairí (gan faighneoga)		

0260030	Piseanna (a bhfuil faighneoga acu)		
0260040	Piseanna (gan faighneoga)		
0260050	Lintilí		
0260990	Eile (2)		
0270000	<b>Glasraí gais</b>	<b>0,01 *</b>	<b>0,01 *</b>
0270010	Lus súgach		
0270020	Cardúin		
0270030	Soilirí		
0270040	Finéal Fhlórans		
0270050	Bliosáin chruinne		
0270060	Cainneanna		
0270070	Biabhóg		
0270080	Péacáin bhambú		
0270090	Croíthe pailme		
0270990	Eile (2)		
0280000	<b>Fungais, caonaigh agus léicin</b>	<b>0,01 *</b>	<b>0,01 *</b>
0280010	Fungais shaothraithe		
0280020	Fungais fhiáine		
0280990	Caonaigh agus léicin		
0290000	<b>Algaí agus orgánaigh phrócaróit</b>	<b>0,01 *</b>	<b>0,01 *</b>
0300000	<b>PISEÁNAIGH</b>	<b>0,01 *</b>	<b>0,01 *</b>
0300010	Pónairí		
0300020	Lintilí		
0300030	Piseanna		
0300040	Lúipíní/pónairí lúipíní		
0300990	Eile (2)		
0400000	<b>OLASHÍOLTA AGUS OLATHORTHAÍ</b>	<b>0,01 *</b>	<b>0,01 *</b>
0401000	<b>Olashíolta</b>		
0401010	Ros lín		
0401020	Piseanna talún		
0401030	Síolta poipín		
0401040	Síolta seasamain		
0401050	Síolta lus na gréine		
0401060	Síolta ráibe		
0401070	Pónairí soighe		
0401080	Síolta mustaird		
0401090	Síolta cadáis		
0401100	Síolta puimcín		

0401110	Síolta cróch bréige		
0401120	Síolta borraíste		
0401130	Caimilín		
0401140	Síolta cnáibe		
0401150	Pónairí ricne		
0401990	Eile (2)		
0402000	<b>Olathorthaí</b>		
0402010	Ológa le haghaidh táirgeadh ola		
0402020	Eithní pailme ola		
0402030	Torthaí pailme oila		
0402040	Capac		
0402990	Eile (2)		
0500000	<b>GRÁNAIGH</b>	<b>0,01 *</b>	<b>0,01 *</b>
0500010	Eorna		
0500020	Ruán agus bréag-ghránaigh eile		
0500030	Arbhar Indiach/arbhar		
0500040	Muiléad coiteann		
0500050	Coirce		
0500060	Rís		
0500070	Seagal		
0500080	Sorgam		
0500090	Cruithneacht		
0500990	Eile (2)		
0600000	<b>TAENNA, CAIFE, INSILTÍ LUIBHE, CÓCÓ AGUS CARÚIB</b>		
0610000	<b>Taenna</b>	<b>0,05 *</b>	<b>0,05 *</b>
0620000	<b>Pónairí caife</b>	0,05 *	<b>0,05 *</b>
0630000	<b>Insiltí luibhe ó</b>	0,05 *	0,05 *
0631000	<b>(a) bláthanna</b>		
0631010	Camán meall		
0631020	Roiseog		
0631030	Rós		
0631040	Seasmain		
0631050	Teile		
0631990	Eile (2)		
0632000	<b>(b) duilleoga agus luibheanna</b>		
0632010	Sú talún		
0632020	Rooibos		
0632030	Maité		
0632990	Eile (2)		

0633000	<b>(c) fréamhacha</b>		
0633010	Caorthann corraigh		
0633020	Ginsing		
0633990	Eile (2)		
0639000	<b>(d) aon chuid eile den phlanda</b>		
0640000	<b>Pónairí cócó</b>	0,02 *	0,02 *
0650000	<b>Carúib</b>	0,05 *	0,05 *
0700000	<b>LEANNLUSANNA</b>	<b>0,05 *</b>	<b>0,05 *</b>
0800000	<b>SPÍOSRAÍ</b>		
0810000	<b>Spíosraí ó shíolta</b>	0,05 *	0,05 *
0810010	Ainís		
0810020	Calaindí		
0810030	Soilire		
0810040	Lus an choire		
0810050	Cuimín		
0810060	Lus mín		
0810070	Finéal		
0810080	Feinigréag		
0810090	Noitmig		
0810990	Eile (2)		
0820000	<b>Spíosraí ó thorthaí</b>	0,05 *	0,05 *
0820010	Ilspíosra/pimeantó		
0820020	Piobar Szechuan		
0820030	Cearbhas		
0820040	Cardamam		
0820050	Caor aítíl		
0820060	Piobarchaor (í dubh, glas agus bán)		
0820070	Fanaile		
0820080	Tamarain		
0820990	Eile (2)		
0830000	<b>Spíosraí ó choirt</b>	0,05 *	0,05 *
0830010	Cainéal		
0830990	Eile (2)		
0840000	<b>Spíosraí ó fhréamhacha agus ó riosóm</b>		
0840010	Liocras	0,05 *	0,05 *
0840020	Sinséar (10)		

0840030	Tuirmiric/curcuma	0,05 *	0,05 *
0840040	Meacain ragaim (11)		
0840990	Eile (2)	0,05 *	0,05 *
0850000	<b>Spíosraí ón mbachlóg</b>	0,05 *	0,05 *
0850010	Clóibh		
0850020	Caprais		
0850990	Eile (2)		
0860000	<b>Spíosraí ó phistil bláthanna</b>	0,05 *	0,05 *
0860010	Cróch		
0860990	Eile (2)		
0870000	<b>Spíosraí arail</b>	0,05 *	0,05 *
0870010	Maicis		
0870990	Eile (2)		
0900000	<b>PLANDAÍ SIÚCRA</b>	<b>0,01 *</b>	<b>0,01 *</b>
0900010	Fréamhacha biatas siúcra		
0900020	Cánaí siúcra		
0900030	Fréamhacha siocaire		
0900990	Eile (2)		
1000000	<b>TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - AINMHITHE TALÚN</b>		
1010000	<b>Tráchtearraí ó</b>	<b>0,02 *</b>	<b>0,02 *</b>
1011000	<b>(a) mucra</b>		
1011010	Matán		
1011020	Saill		
1011030	An t-ae		
1011040	An duán		
1011050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)		
1011990	Eile (2)		
1012000	<b>(b) bó-ainmhí</b>		
1012010	Matán		
1012020	Saill		
1012030	An t-ae		
1012040	An duán		
1012050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)		
1012990	Eile (2)		
1013000	<b>(c) caoirigh</b>		
1013010	Matán		
1013020	Saill		
1013030	An t-ae		

1013040	An duán		
1013050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)		
1013990	Eile (2)		
1014000	<b>d) gabhar</b>		
1014010	Matán		
1014020	Saill		
1014030	An t-ae		
1014040	An duán		
1014050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)		
1014990	Eile (2)		
1015000	<b>(e) eachaí</b>		
1015010	Matán		
1015020	Saill		
1015030	An t-ae		
1015040	An duán		
1015050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)		
1015990	Eile (2)		
1016000	<b>(f) éanlaith chlóis</b>		
1016010	Matán		
1016020	Saill		
1016030	An t-ae		
1016040	An duán		
1016050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)		
1016990	Eile (2)		
1017000	<b>(g) ainmhithe talún feirme eile</b>		
1017010	Matán		
1017020	Saill		
1017030	An t-ae		
1017040	An duán		
1017050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)		
1017990	Eile (2)		
1020000	<b>Bainne</b>	<b>0,01 *</b>	<b>0,01 *</b>
1020010	Eallach		
1020020	Caoirigh		
1020030	Gabhar		
1020040	Capall		
1020990	Eile (2)		

1030000	<b>Uibheacha éan</b>	0,01 *	0,01 *
1030010	An chearc		
1030020	Lacha		
1030030	Géanna		
1030040	Gearg		
1030990	Eile (2)		
1040000	<b>Mil agus táirgí beachaireacht eile (7)</b>	0,05 *	0,05 *
1050000	<b>Débhheathaigh agus Reiptílí</b>	0,01 *	0,01 *
1060000	<b>Ainmhithe inveirteabracha talún</b>	0,01 *	0,01 *
1070000	<b>Ainmhithe veirteabracha talún fiáine</b>	0,01 *	0,01 *
1100000	<b>TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - ÉISC, TÁIRGÍ ÉISC AGUS AON TÁIRGE BIA MARA NÓ FIONNUISCE ILE (8)</b>		
1200000	<b>TÁIRGÍ NÓ CODANNA DE THÁIRGÍ A ÚSAIDTEAR CHUN BEATHA AINMHITHE A THÁIRGEADH AGUS CHUIGE SIN AMHÁIN (8)</b>		
1300000	<b>TÁIRGÍ BIA PRÓISEÁILTE (9)</b>		

\* Léiríonn an (\*) íostearainn an chinnidh anailísigh

(<sup>†</sup>) Chun liosta iomlán na dtáirgí de thionscnamh ainmhíoch agus plandaí a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo a fheiceáil, ba cheart tagairt a dhéanamh d'Iarscríbhinn I'

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/335 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 1 Feabhra 2023**

**lena bhformheastar leasú nach mion ar shonraíocht ainm a iontráladh sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint, is é sin “Robiola di Roccaverano” (STFC)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 52(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le hAirteagal 50(1), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, i gcomhar le hAirteagal 53(1), an chéad fhomhír, de, tá scrúdú déanta ag an gCoimisiún ar iarratas na Fraince ar fhorghnó ar leasú ar shonraíocht an tsonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint “Robiola di Roccaverano” atá cláraithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 1263/96 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup> arna leasú ag Rialachán (AE) 217/2011 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup> agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 855/2014 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup> San áireamh sa leasú sin tá leasú ar an ainm “Robiola di Roccaverano” go “Robiola di Roccaverano/Roccaverano”.
- (2) Ós rud é gur leasú nach mion atá sa leasú i gceist de réir bhrí Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, d’fhoilsigh an Coimisiún an t-iarratas ar leasú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* <sup>(5)</sup> mar a cheanglaítear le hAirteagal 50(2)(a) den Rialachán sin.
- (3) Ós rud é nach bhfuair an Coimisiún aon ráiteas freasúra réasúnaithe faoi Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, ba cheart an leasú ar an tsonraíocht a fhorghnó,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An leasú ar an tsonraíocht a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maidir leis an ainm “Robiola di Roccaverano” (STFC), is leasú é atá formheasta anois.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

<sup>(1)</sup> IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1263/96 ón gCoimisiún an 1 Iúil 1996, lena bhforlíontar an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/96 maidir le tásca geografacha agus sonrúcháin tionscnaimh a chlárú faoin nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 17 de Rialachán (CEE) Uimh. 2081/92 ón gComhairle (IO L 163, 2.7.1996, lch. 19).

<sup>(3)</sup> Rialachán (UE) Uimh. 217/2011 ón gCoimisiún an 1 Márta 2011 lena bhformheastar leasuithe nach mion ar shonraíocht ainm a iontráladh sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint [Robiola di Roccaverano (STFC)] (IO L 59, 4.3.2011, lch. 19).

<sup>(4)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 855/2014 ón gCoimisiún an 4 Lúnasa 2014 lena bhformheastar mionleasú ar shonraíocht ainm a iontráladh sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint [Robiola di Roccaverano (STFC)] (IO L 234, 7.8.2014, lch. 1).

<sup>(5)</sup> IO C 397, 17.10.2022, lch. 26.



Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 1 Feabhra 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin,*  
*Ar son an Uachtaráin,*  
Janusz WOJCIECHOWSKI  
*Comhalta den Choimisiún*

---

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/336 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 8 Feabhra 2023**

**lena bhformheastar leasuithe ar an tsonraíocht ar shonrúchán tionscnaimh faoi chosaint nó ar thásca geografach faoi chosaint (“Montefalco”) (STFC)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margáí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 <sup>(1)</sup> ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 99 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá scrúdú déanta ag an gCoimisiún ar an iarratas ar leasuithe a fhorghnó ar shonraíocht sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint “Montefalco”, a chuir an Iodáil ar aghaidh i gcomhréir le hAirteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.
- (2) D’fhoilsigh an Coimisiún an t-iarratas ar fhorghnó ar na leasuithe ar an tsonraíocht in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* <sup>(2)</sup>, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 97(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.
- (3) Níl aon ráiteas agóide faighte ag an gCoimisiún faoi Airteagal 98 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.
- (4) Dá bhrí sin, ba cheart na leasuithe ar an tsonraíocht a fhorghnó i gcomhréir le hAirteagal 99 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.
- (5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um Chomheagrú na Margáí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Tá na leasuithe ar an tsonraíocht a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maidir leis an ainm “Montefalco” (STFC) formheasta anois.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Feabhra 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin,*  
*Ar son an Uachtaráin,*  
Janusz WOJCIECHOWSKI  
*Comhalta den Choimisiún*

<sup>(1)</sup> IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

<sup>(2)</sup> IO C 369, 27.9.2022, lch. 13.

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/337 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 8 Feabhra 2023**

**lena mbronnfar cosaint faoi Airteagal 99 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar an ainm “Terras do Navia” (TGFC)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margáí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 99 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le hAirteagal 97(2) agus (3) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, scrúdaigh an Coimisiún an t-iarratas a chuir an Spáinn ar aghaidh an t-ainm “Terras do Navia” a chlárú agus tá sé foilsithe aige in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* <sup>(2)</sup>.
- (2) Níl aon ráiteas agóide faighte ag an gCoimisiún faoi Airteagal 98 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 99 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, ba cheart an t-ainm “Terras do Navia” a chosaint agus a chlárú sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 104 den Rialachán sin.
- (4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomheagrú na Margáí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cosnaítear leis seo an t-ainm “Terras do Navia” (TGFC).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Feabhra 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin,*  
*Ar son an Uachtaráin,*  
Janusz WOJCIECHOWSKI  
*Comhalta den Choimisiún*

<sup>(1)</sup> IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

<sup>(2)</sup> IO C 397, 17.10.2022, lch. 34.

# CINNTÍ

## CINNEADH (CBES) 2023/338 ÓN gCOMHAIRLE

an 14 Feabhra 2023

**Iena leasaítear cinntí agus comhsheasaimh áirithe ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha chun forálacha maidir le díolúine dhaonnúil a chur isteach**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 9 Nollaig 2022, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (“CSNA”) Rún 2664 (2022), á mheabhrú di na rúin a ghlac sí roimhe seo lena bhforchuirtear bearta smachtbhannaí mar fhreagairt ar bhagairtí ar an tsíocháin agus ar an tslándáil idirnáisiúnta, agus á chur i dtábhacht aici maidir leis na bearta a rinne Ballstáit na Náisiún Aontaithe chun smachtbhannaí a chur chun feidhme, go gcomhlíonann na bearta sin oibleagáidí na mBallstát sin faoin dlí idirnáisiúnta agus nach bhfuil na bearta sin ceaptha iarmhairtí díobhálacha daonnúla a bheith acu do phobail shibhialtacha, do gníomhaíochtaí daonnúla ná dóibh siúd a dhéanann gníomhaíochtaí daonnúla.
- (2) Agus é á chur in iúl aici go bhfuil sí ullamh a córais smachtbhannaí a athbhreithniú, a choigeartú agus a fhoirceannadh, i gcás is iomchuí, agus aird á tabhairt ar staideanna síorathraitheach ar an láthair agus ar an ngá atá le héifeachtaí daonnúla neamhbheartaithe a íoslaghdú, cinneann CSNA i mír 1 de Rún 2664 (2022) go bhfuil sé ceadaithe cistí, sócmhainní airgeadais nó acmhainní eacnamaíocha eile a sholáthar, a phróiseáil nó a íoc nó earraí agus seirbhísí riachtanacha a sholáthar chun seachadadh tráthúil cúnaimh dhaonnúil a áirithiú nó chun tacú le gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine agus nach sáraítear leis sin na reonna sócmhainní a fhorchuir CSNA nó a coistí smachtbhannaí. Chun críocha an Chinnidh seo, tugtar “an díolúine dhaonnúil” ar mhír 1 de Rún 2664 (2022). Tá an díolúine dhaonnúil infheidhme maidir le gníomhaithe áirithe mar a leagtar amach sa Rún sin.
- (3) Cuirtear i dtábhacht i Rún 2664 (2022), i gcás ina bhfuil an díolúine dhaonnúil ag teacht salach ar rúin roimhe sin, go ndéanfaidh an díolúine dhaonnúil na rúin a bhí ann roimhe sin a fhorshuíomh a mhéid a bhaineann leis an gcoinbhleacht sin. Mar sin féin, soiléirítear le Rún 2664 (2022) go bhfuil mír 1 de Rún 2615 (2021) ó CSNA fós i bhfeidhm.
- (4) Iarrtar le Rún 2664 (2022) go ndéanfaidh soláthraithe atá ag brath ar an díolúine dhaonnúil iarrachtaí réasúnacha chun fabhrú aon sochair a thoirmisctear le smachtbhannaí a íoslaghdú, bíodh sé sin mar thoradh ar sholáthar díreach nó indéach nó atreorú, chuig daoine nó eintitis ainmnithe, lena n-áirítear trí straitéisí agus próisis bainistithe riosca agus díchill chuí a neartú.

- (5) Ní mór leasú a dhéanamh ar Chinntí 2010/231/CFSP <sup>(1)</sup>, 2013/798/CBES <sup>(2)</sup>, 2014/932/CFSP <sup>(3)</sup>, (CBES) 2022/2319 ón gComhairle <sup>(4)</sup>, agus Comhsheasaimh 2003/495/CBES <sup>(5)</sup> agus 2005/888/CBES ón gComhairle <sup>(6)</sup>.
- (6) Ní mór don Aontas tuilleadh a dhéanamh chun bearta áirithe den Chinneadh seo a chur chun feidhme,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

#### Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6 d'Airteagal 6 de Chinneadh 2010/231/CBES:

“6. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le cistí, sócmhainní airgeadais nó acmhainní eacnamaíocha eile a sholáthar, a phróiseáil nó a íoc, ná maidir le hearraí nó seirbhísí a sholáthar, a bhfuil gá leo chun a áirithiú go seachadfar go tráthúil cabhair dhaonnúil nó go dtacófar le gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine i gcás inarb iad na heintitis seo a leanas a thabharfaidh an chabhair agus a dhéanfaidh na gníomhaíochtaí eile sin:

- (a) na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear a gcláir, a gcistí agus a n-eintitis agus a gcomhlachtaí eile, chomh maith lena ngníomhaireachtaí speisialaithe agus a n-eagraíochtaí gaolmhara;
- (b) eagraíochtaí idirnáisiúnta;
- (c) Eagraíochtaí daonnúla a bhfuil stádas breathnóra acu le Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus comhaltaí na n-eagraíochtaí daonnúla sin;
- (d) eagraíochtaí neamhrialtasacha atá á gcistiú go déthaobhach nó go hiltáobhach agus atá rannpháirteach i bPleananna Freagartha Daonnúla na Náisiún Aontaithe, i bPleananna Freagartha um Dhídeanaithe, in achomhairc nó i mbraislí daonnúla eile de chuid na Náisiún Aontaithe arna gcomhordú ag Oifig na Náisiún Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla;
- (e) fostaithe, deontaithe, fochuideachtaí, nó comhpháirtithe cur chun feidhme na n-eintiteas a luaitear i bpointí (a) go (d) agus iad ag gníomhú sna cáileanna sin agus a mhéid atá siad ag gníomhú sna cáileanna sin; nó
- (f) gníomhaithe iomchuí eile arna gcinneadh ag an gCoiste Smachtbhannaí.”

#### Airteagal 2

In Airteagal 2b de Chinneadh 2013/798/CBES, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“7. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le cistí, sócmhainní airgeadais nó acmhainní eacnamaíocha a sholáthar, a phróiseáil nó a íoc, ná maidir le hearraí nó seirbhísí a sholáthar, a bhfuil gá leo chun a áirithiú go seachadfar go tráthúil cabhair dhaonnúil nó go dtacófar le gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine i gcás inarb iad na heintitis seo a leanas a thabharfaidh an chabhair agus a dhéanfaidh na gníomhaíochtaí eile sin:

- (a) na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear a gcláir, a gcistí agus a n-eintitis agus a gcomhlachtaí eile, chomh maith lena ngníomhaireachtaí speisialaithe agus a n-eagraíochtaí gaolmhara;
- (b) eagraíochtaí idirnáisiúnta;

<sup>(1)</sup> Cinneadh 2010/231/CBES an 26 Aibreán 2010 maidir le bearta sriantacha i gcoinne na Somáile agus lena n-aisghairtear Comhsheasamh 2009/138/CBES (IO L 105, 27.4.2010, lch. 17).

<sup>(2)</sup> Cinneadh 2013/798/CBES ón gComhairle an 23 Nollaig 2013 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht na hAfraice Láir (IO L 352, 24.12.2013, lch. 51).

<sup>(3)</sup> Cinneadh 2014/932/CBES ón gComhairle an 18 Nollaig 2014 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide in Éimin (IO L 365, 19.12.2014, lch. 147).

<sup>(4)</sup> Cinneadh (CBES) 2022/2319 ón gComhairle an 25 Samhain 2022 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háití (IO L 307, 28.11.2022, lch. 135).

<sup>(5)</sup> Comhsheasamh 2003/495/CFSP an 7 Iúil, 2003 ón gComhairle maidir leis an Iaráic agus lena n-aisghairtear Comhsheasamh 96/741/CFSP mar aon le nóta faisnéise míniúcháin. (IO L 169, 8.7.2003 lch. 72).

<sup>(6)</sup> Comhsheasamh 2005/888/CFSP an 12 Nollaig, 2005 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha sonracha i gcoinne daoine áirithe a bhfuil amhras fúthu go raibh baint acu le feallmharú an iarPhríomh-Aire Liobánaigh Rafiq Hariri mar aon le nóta faisnéise míniúcháin (IO L 327, 14.12.2005, lch. 26).

- (c) eagraíochtaí daonnúla a bhfuil stádas breathnóra acu le Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus comhaltaí na n-eagraíochtaí daonnúla sin;
- (d) eagraíochtaí neamhrialtasacha atá á gcistiú go déthaobhach nó go hiltáobhach agus atá rannpháirteach i bPleananna Freagartha Daonnúla na Náisiún Aontaithe, i bPleananna Freagartha um Dhídeanaithe, in achomhairc nó i mbraislí daonnúla eile de chuid na Náisiún Aontaithe arna gcomhordú ag Oifig na Náisiún Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla;
- (e) fostaithe, deontaithe, fochuideachtaí, nó comhpháirtithe cur chun feidhme na n-eintiteas a luaitear i bpointí (a) go (d) agus iad ag gníomhú sna cáileanna sin agus a mhéid atá siad ag gníomhú sna cáileanna sin; nó
- (f) gníomhaithe iomchuí eile arna gcinneadh ag an gCoiste.”.

### Airteagal 3

Leasaítear Cinneadh 2014/932/CBES mar a leanas:

- (1) in Airteagal 2b, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“7. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le cistí, sócmhainní airgeadais nó acmhainní eacnamaíocha a sholáthar, a phróiseáil nó a íoc, ná maidir le hearraí nó seirbhísí a sholáthar, a bhfuil gá leo chun a áirithiú go seachadfar go tráthúil cabhair dhaonnúil nó go dtacófar le gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine i gcás inarb iad na heintitis seo a leanas a thabharfaidh an chabhair agus a dhéanfaidh na gníomhaíochtaí eile sin:

- (a) na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear a gcláir, a gcistí agus a n-eintitis agus a gcomhlachtaí eile, chomh maith lena ngníomhaireachtaí speisialaithe agus a n-eagraíochtaí gaolmhara;
- (b) eagraíochtaí idirnáisiúnta;
- (c) eagraíochtaí daonnúla a bhfuil stádas breathnóra acu le Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus comhaltaí na n-eagraíochtaí daonnúla sin;
- (d) eagraíochtaí neamhrialtasacha atá á gcistiú go déthaobhach nó go hiltáobhach agus atá rannpháirteach i bPleananna Freagartha Daonnúla na Náisiún Aontaithe, i bPleananna Freagartha um Dhídeanaithe, in achomhairc nó i mbraislí daonnúla eile de chuid na Náisiún Aontaithe arna gcomhordú ag Oifig na Náisiún Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla;
- (e) fostaithe, deontaithe, fochuideachtaí, nó comhpháirtithe cur chun feidhme na n-eintiteas a luaitear i bpointí (a) go (d) agus iad ag gníomhú sna cáileanna sin agus a mhéid atá siad ag gníomhú sna cáileanna sin; nó
- (f) gníomhaithe iomchuí eile arna gcinneadh ag an gCoiste Smachtbhannaí.”;

- (2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6a:

#### “Airteagal 6a

Gan dochar d’Airteagal 2b(7), de mhaolú ar na bearta a fhorchuirtear le Rún 2140 (2014) ó CSNA agus le Rún 2216 (2015) ó CSNA, ar choinníoll gur chinn an Coiste Smachtbhannaí ar bhonn cás ar chás go bhfuil gá le díolúine chun obair na Náisiún Aontaithe agus eagraíochtaí daonnúla eile in Éimin a éascú nó chun aon chríche eile atá i gcomhréir le cuspóirí na Rún sin, tabharfaidh údarás inniúil Ballstáit an t-údarú is gá.”.

### Airteagal 4

In Airteagal 3 de Chinneadh (CBES) 2022/2319, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

“7. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le cistí, sócmhainní airgeadais nó acmhainní eacnamaíocha a sholáthar, a phróiseáil nó a íoc, ná maidir le hearraí nó seirbhísí a sholáthar, a bhfuil gá leo chun a áirithiú go seachadfar go tráthúil cabhair dhaonnúil nó go dtacófar le gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine i gcás inarb iad na heintitis seo a leanas a thabharfaidh an chabhair agus a dhéanfaidh na gníomhaíochtaí eile sin:

- (a) na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear a gcláir, a gcistí agus a n-eintitis agus a gcomhlachtaí eile, chomh maith lena ngníomhaireachtaí speisialaithe agus a n-eagraíochtaí gaolmhara;

- (b) eagraíochtaí idirnáisiúnta;
- (c) eagraíochtaí daonnúla a bhfuil stádas breathnóra acu le Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus comhaltaí na n-eagraíochtaí daonnúla sin;
- (d) eagraíochtaí neamhrialtasacha atá á gcistiú go déthaobhach nó go hiltáobhach agus atá rannpháirteach i bPleananna Freagartha Daonnúla na Náisiún Aontaithe, i bPleananna Freagartha um Dhídeanaithe, in achomhairc nó i mbraislí daonnúla eile de chuid na Náisiún Aontaithe arna gcomhordú ag Oifig na Náisiún Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla;
- (e) fostaithe, deontaithe, fochuideachtaí, nó comhpháirtithe cur chun feidhme na n-eintiteas a luaitear i bpointí (a) go (d) agus iad ag gníomhú sna cáileanna sin agus a mhéid atá siad ag gníomhú sna cáileanna sin; nó
- (f) gníomhaithe iomchuí eile arna gcinneadh ag an gCoiste Smachtbhannaí.”;

#### Airteagal 5

Leasaítear Comhsheasamh 2003/495/CBES mar a leanas:

- (1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

#### “Airteagal 2

Gach ciste nó sócmhainn airgeadais nó acmhainn eacnamaíoch eile:

- (a) de chuid Rialtas roimhe sin na hIaráice nó a chomhlachtaí, corparáidí nó gníomhaireachtaí Stáit a lonnáidh lasmuigh den Iaráic an 22 Bealtaine 2003, arna ainmniú ag Coiste na Comhairle Slándála arna bhunú de bhun Rún 1518 (2003) ó CSNA (an ‘Coiste Smachtbhannaí’); nó
- (b) a aistríodh ón Iaráic, nó a fuair Saddam Hussein nó oifigigh shinsearacha eile de chuid iar-chóras na hIaráice agus a neasteaghlach, lena n-áirítear eintitis atá faoi úinéireacht nó faoi rialú díreach nó indéach acu nó ag daoine atá ag gníomhú thar a gceann nó faoina dtreo, mar atá ainmnithe ag an gCoiste Smachtbhannaí;

déanfar iad a reo gan mhoill agus, mura rud é go bhfuil na cistí sin nó na sócmhainní airgeadais eile sin nó na hacmhainní eacnamaíocha eile féin faoi réir lian nó breithiúnas arb ann dó cheana, bíodh sin de chineál breithiúnach, riaracháin nó eadrána, agus sa chás sin féadfar iad a úsáid chun an lian nó an breithiúnas sin a shásamh, áiritheoidh na Ballstáit a n-aistriú láithreach faoi shocruithe comharba an Chiste Forbraíochta don Iaráic a chuir Rialtas na hIaráice i bhfeidhm faoi na coinníollacha a leagtar amach i Rúin 1483 (2003) agus 1956 (2010) ón gComhairle Slándála.”;

- (2) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

#### “Airteagal 2b

Ní bheidh feidhm ag Airteagal 2 agus 2a maidir le cistí, sócmhainní airgeadais nó acmhainní eacnamaíocha a sholáthar, a phróiseáil nó a íoc, ná maidir le hearraí nó seirbhísí a sholáthar, a bhfuil gá leo chun a áirithiú go seachadfar go tráthúil cabhair dhaonnúil nó go dtacófar le gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine i gcás inarb iad na heintitis seo a leanas a thabharfaidh an chabhair agus a dhéanfaidh na gníomhaíochtaí eile sin:

- (a) na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear a gcláir, a gcistí agus a n-eintitis agus a gcomhlachtaí eile, chomh maith lena ngníomhaireachtaí speisialaithe agus a n-eagraíochtaí gaolmhara;
- (b) eagraíochtaí idirnáisiúnta;
- (c) Eagraíochtaí daonnúla a bhfuil stádas breathnóra acu le Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus comhaltaí na n-eagraíochtaí daonnúla sin;
- (d) eagraíochtaí neamhrialtasacha atá á gcistiú go déthaobhach nó go hiltáobhach agus atá rannpháirteach i bPleananna Freagartha Daonnúla na Náisiún Aontaithe, i bPleananna Freagartha um Dhídeanaithe, in achomhairc nó i mbraislí daonnúla eile de chuid na Náisiún Aontaithe arna gcomhordú ag Oifig na Náisiún Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla;

- (e) fostaithe, deontaithe, fochuideachtaí, nó comhpháirtithe cur chun feidhme na n-eintiteas a luaitear i bpointí (a) go (d) agus iad ag gníomhú sna cáileanna sin agus a mhéid atá siad ag gníomhú sna cáileanna sin; nó
- (f) gníomhaithe iomchuí eile arna gcinneadh ag an gCoiste Smachtbhannaí.”.

#### *Airteagal 6*

In Airteagal 2 de Chomhsheasamh 2005/888/CBES, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“5. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le cistí, sócmhainní airgeadais nó acmhainní eacnamaíocha a sholáthar, a phróiseáil nó a íoc, ná maidir le hearraí nó seirbhísí a sholáthar, a bhfuil gá leo chun a áirithiú go seachadfar go tráthúil cabhair dhaonnúil nó go dtacófar le gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine i gcás inarb iad na heintitis seo a leanas a thabharfaidh an chabhair agus a dhéanfaidh na gníomhaíochtaí eile sin:

- (a) na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear a gcláir, a gcistí agus a n-eintitis agus a gcomhlachtaí eile, chomh maith lena ngníomhaireachtaí speisialaithe agus a n-eagraíochtaí gaolmhara;
- (b) eagraíochtaí idirnáisiúnta;
- (c) eagraíochtaí daonnúla a bhfuil stádas breathnóra acu le Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus comhaltaí na n-eagraíochtaí daonnúla sin;
- (d) eagraíochtaí neamhrialtasacha atá á gcistiú go déthaobhach nó go hiltáobhach agus atá rannpháirteach i bPleananna Freagartha Daonnúla na Náisiún Aontaithe, i bPleananna Freagartha um Dhídeanaithe, in achomhairc nó i mbraislí daonnúla eile de chuid na Náisiún Aontaithe arna gcomhordú ag Oifig na Náisiún Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla;
- (e) fostaithe, deontaithe, fochuideachtaí, nó comhpháirtithe cur chun feidhme na n-eintiteas a luaitear i bpointí (a) go (d) agus iad ag gníomhú sna cáileanna sin agus a mhéid atá siad ag gníomhú sna cáileanna sin; nó
- (f) gníomhaithe iomchuí eile arna gcinneadh ag an gCoiste.”.

#### *Airteagal 7*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Feabhra 2023.

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*  
E. SVANTESSON



**CINNEADH (CBES) 2023/339 ÓN gCOMHAIRLE**  
**an 14 Feabhra 2023**

**lena leasaítear Cinneadh 2011/101/CBES ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiombáib**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 15 Feabhra 2011, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2011/101/CBES <sup>(1)</sup> a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiombáib.
- (2) Ar bhonn athbhreithniú ar Chinneadh 2011/101/CBES, ba cheart na bearta sriantacha sin a athnuachan go dtí an 20 Feabhra 2024. Ba cheart don Chomhairle leanúint d'athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar na bearta i bhfianaise forbairtí polaitiúla agus slándála sa tSiombáib.
- (3) Ba cheart Cinneadh 2011/101/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 10 de Chinneadh 2011/101/CBES, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 20 Feabhra 2024.”.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Feabhra 2023.

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*  
E. SVANTESSON

---

<sup>(1)</sup> Cinneadh 2011/101/CBES ón gComhairle an 15 Feabhra 2011 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiombáib (IO L 42, 16.2.2011, lch. 6).



ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)  
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)